# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2022

An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Póilíneachta 2022

## De réir alt 62O(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (arna leasú), agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

## Clár Ábhar


_Toc132025980

**Brollach ón gCathaoirleach**....................i

**Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach ar an mBliain**....................iv

**1. Athbhreithniú an Údaráis Póilíneachta 2022**.................... 1

**2. An obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta** .................... 2

**3. Dul Chun Cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha**.................... 6

**4. Gné-Alt: Cén fáth a n-éistimid** .................... 15

**5. Rialachas agus Struchtúr**.................... 18

**6. Faisnéis Airgeadais**.................... 29

**Aguisín 1 – Stádas na dTosaíochtaí Corparáideacha don bhliain 2022 ag an 31 Nollaig 2022**.................... 32

**Aguisín 2 – Staitisticí Comórtais le haghaidh Cheapacháin Shinsearacha an Gharda Síochána, 2022** ........ 44

**Aguisín 3 – Tuarascáil Airgeadais Achoimre 2022** .................... 46

**Aguisín 4 – Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach** .................... 48

**Aguisín 5 – Úsáid Fuinnimh 2022** .................... 52

***"….bunú agus feidhmeanna comhlachta ar a dtabharfar an tÚdarás Póilíneachta nó, sa Bhéarla, the Policing Authority chun maoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána do chomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann le seirbhísí póilíneachta."***

*An reachtaíocht lenar bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta*



## Brollach ón gCathaoirleach



Is mórúdar faoisimh é nach gá, i gcomparáid le blianta roimhe sin, na tagairtí mionsonraithe céanna a dhéanamh do thionchar phaindéim Covid-19 sa tuarascáil don bhliain 2022. Ní féidir an phaindéim a chur i leataobh ina hiomláine sa phobal ná sa Gharda Síochána, áfach, toisc go bhfuil a tionchar le brath go fóill. Ar an dea-uair, níl an tionchar sin chomh mór agus a bhí sé. Is ann do thionchar buan ar leith ar eagraíocht an Gharda Síochána nach ndearnadh an oiread sin tráchta air go dtí seo. Is é sin an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar an líon comhaltaí nua den Gharda Síochána a fianaíodh.

Ba é 2120 duine an líon beartaithe iomlán Gardaí nua faoi oiliúint do na blianta 2020, 2021 agus 2022. Mar a tharla, ní dheachaigh ach 775 dhuine isteach i gColáiste an Gharda Síochána sna blianta sin. Is ionann é sin agus easnamh 1,345 gharda nua. Dá bhrí sin, bhí tionchar iarmhartach ann ar an líon daoine a chuaigh trí Choláiste an Gharda Síochána. Níor fianaíodh ach 1,040 comhalta, i gcomparáid leis an réamh-mheastachán go bhfianófaí thart ar 2,000 comhalta. Níl sé deacair a shamhlú cén difear a dhéanfadh sé sin do phearsanra a imlonnú ar fud an raoin iomláin seirbhísí póilíneachta. Tá toisc ríthábhachtach ar iarraidh ó aon dioscúrsa, idir dhioscúrsa poiblí agus dhioscúrsa príobháideach, nach gcuirtear an méid sin san áireamh go soiléir ann.

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an gCoimisinéir agus lena chomhghleacaithe sinsearacha roinnt uaireanta maidir leis na pleananna le haghaidh earcaíocht amach anseo, agus beidh sé dúshlánach don eagraíocht teacht ar bhealaí ina dtugtar an bhris isteach de réir a chéile agus ardcháilíocht na socruithe oiliúna reatha a choinneáil ar bun ag an am céanna.

Aon choinne go bhfillfeadh an gnáthshaol ar ais go mear, cuireadh deireadh léi nuair a rinneadh ionradh ar an Úcráin, rud as ar tháinig anró do mhuintir na tíre sin agus easáitiú a lán saoránach as an tír. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, tháinig beagnach 70,000 Úcránach go hÉirinn chun tearmann agus sábháilteacht a lorg. D’fhreagair an Garda Síochána go sármhaith don fhorbairt sin, cosúil lena lán gníomhaireachtaí eile agus lena lán daoine aonair.

Faoi mar a tharla ó bunaíodh é, chuir an patrún leantach ionsaithe ar ghardaí agus iad i mbun dualgais uafás ar an Údarás arís eile. Is meabhrúchán do-ghlactha é sin ar na rioscaí is cuid dhílis den phóilíneacht agus ar thoilteanas na gcomhaltaí den Gharda Síochána iad féin a chur i mbaol ar mhaithe le pobail a choinneáil sábháilte. Níl aon fhocail láidir go leor chun iompraíocht den sórt sin a cháineadh. Mar chuid dá dhíospóireacht leis an gCoimisinéir ar an ní sin agus ar nithe gaolmhara, agus le linn dó labhairt le pearsanra an Gharda Síochána, thug an tÚdarás aird ghéar ar na bearta atá ar fáil laistigh den eagraíocht chun tacú le sláinte agus folláine na gcomhaltaí agus na mball foirne agus ar an bhfíoras go dtiocfaidh comhaltaí den Gharda Síochána ar chora an-dúshlánach an-trámach le linn dóibh a ndualgais a chur i gcrích. Tugadh mionaird freisin ar thorthaí an Iniúchta ar Chultúr an Gharda Síochána, rud ar sheol Ollscoil Durham go neamhspleách é.

Forbairt thábhachtach le linn na bliana ba ea go bhfuarthas an tuarascáil deiridh ón Uas. Derek Penman maidir le teagmhais seolta ríomhchuidithe 999 a chealú gan údar. Bhí an topaic sin ina hábhar d’aird dhian le linn na bliana 2021 agus do thuarascáil eatramhach ón Uas. Penman, an saineolaí neamhspleách ar choimisiúnaigh an tÚdarás é chun an tasc a chur i gcrích. Agus é ag plé go mion dianseasmhach leis an topaic sin, bhí an tÚdarás ag iarraidh dearbhú a thabhairt don phobal go raibh an tseirbhís glaonna 999 ag oibriú de réir na n-ardchaighdeán a bhfuil an pobal ag súil leo. Cuireadh roinnt míonna de mhoill ar an tuarascáil deiridh uaidh, go dtí gur réitíodh saincheisteanna dlí a chuir as don chumas a bhí aige éisteacht le sampla de ghlaonna i

roinnt de na teagmhais ba thromchúisí. Cuid riachtanach den scrúdú uaidh ba ea éisteacht leis na glaonna sin chun go bhféadfadh sé cáilíocht na seirbhíse a mheas agus an leibhéal riosca atá i gceist a chinneadh. Ar an dea-uair, thángthas ar réiteach agus foilsíodh an tuarascáil deiridh san fhómhar. Bhí sé sin ina chuid an-íogair, agus ina chuid ríthábhachtach, d'obair an Údaráis le dhá bhliain anuas, agus leanfaidh an tÚdarás le formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí atá i dtuarascáil Penman agus déanfaidh sé athbhreithniú tráthrialta ar an tseirbhís ríthábhachtach sin don phobal. D'aithin an tÚdarás arís agus arís eile an dianobair atá ar bun ag an nGarda Síochána chun na saincheisteanna sin a réiteach, agus aithníonn sé an dianobair sin an athuair anseo.

Maidir lena chuid oibre formhaoirseachta, leanann an tÚdarás le díriú go mór ar shaincheist an fhoréigin inscnebhunaithe, ar saincheist róchoitianta í. Ní gá aon rud eile a rá faoina thábhachtaí atá an obair sin. Foréigean baile, mí-úsáid ghnéasach, go háirithe in aghaidh na mban, rialú comhéigneach agus foréigean teaghlaigh de gach cineál, is saincheisteanna iad go léir a bhfuil an-tábhacht agus an-phráinn ag baint leo. D'fhreagair an Garda Síochána le tiomantas, le fuinneamh agus le haird mharthanach do na nithe sin, agus lean an tÚdarás lena chuid oibre ina leith sin a mholadh. Cé gur moladh 'Operation Faoiseamh' go hard le linn na paindéime, níor tháinig aon laghdú ar an aird a thugann an Garda Síochána ar an réimse sin ó cuireadh an oibríocht ar fionraí. Chuir scil agus taithí mhéadaitheach Aonaid na Roinne do Sheirbhísí Cosanta go mór leis an muinín atá ag íospartaigh na gcoireanna sin as teagmhais a thuairisciú don Gharda Síochána.

Maidir le saincheist ghaolmhar ar mórúdar imní í, thug an tÚdarás an-aird ar chur chun feidhme na moltaí atá sa tuarascáil ón gCigireacht maidir le Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí. Faoi mar a iarradh air, lean an tÚdarás le tuairisc a thabhairt don Aire ar chur chun feidhme na moltaí atá sa tuarascáil sin, a mhéid a bhaineann siad leis an nGarda Síochána. Pléann sé an raon saincheisteanna lena mbaineann ar bhonn tráthrialta leis an gCoimisinéir freisin. Cé go ngabhann tairbhí móra le láithreacht fhorleatach teicneolaíochtaí nua inár saol, is féidir léi dúshaothrú uafar ar leanaí agus mí-úsáid uafar leanaí a éascú freisin. Is gá dúinn ár míle dícheall a dhéanamh chun an phlá sin a dhíothú ó shaol daoine soineanta. Cé go n-aithníonn sé go mbeidh iarrachtaí leanúnacha i gceist, fáiltíonn an tÚdarás roimh na bearta a rinne an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí is comhpháirtithe. Fáiltíonn sé go háirithe roimh an dul chun cinn a rinneadh ar an riaráiste a laghdú maidir le scrúdú a dhéanamh ar fheistí a bhféadfadh ábhar a bhfuil luach fianaiseach air a bheith iontu.

Is fiú trácht a dhéanamh ar roinnt réimsí eile ar leith den phóilíneacht a ndearnadh formhaoirseacht agus mionbhreithniú orthu le linn na bliana atá i gceist. Sa tuarascáil ón gCigireacht maidir le Coimeád, pléitear le raon saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann leo sin ar gá iad a choinneáil i gcoimeád an Gharda Síochána agus a dtugann an Garda Síochána tús áite dá gcúram. Áirítear leis na saincheisteanna ar tugadh aird orthu áiteanna cuí le haghaidh coinneáil, cearta an duine atá ag daoine atá á gcoinneáil, measúnú ar na rioscaí a bhaineann le coinneáil daoine aonair, cóir chuí do gach duine atá i gcoimeád, agus coinneáil chuimsitheach taifead. Ní féidir leis an nGarda Síochána gach ceann de na tosca lena mbaineann a réiteach láithreach ná go díreach.

Dhírigh an tÚdarás aird arís agus arís eile ar ghearáin faoin nGarda Síochána, is cuma cén duine lenar bhain siad, agus ar roinnt cásanna inar iompair comhaltaí den Gharda Síochána iad féin go míchuí agus a raibh an pobal ar an eolas fúthu. Chuir an tÚdarás in iúl ón tús go dtacaíonn sé leis an rún atá ag an gCoimisinéir na caighdeáin is airde is féidir a áirithiú san eagraíocht, ar uaillmhian í is cinnte a bheith ag formhór mór na gcomhaltaí agus na mball foirne den Gharda Síochána. Ó chuir an Coimisinéir an rún sin in iúl den chéad uair, thacaigh an tÚdarás leis an tAonad Frith-Éillithe a bhunú. Is eol don Údarás gurb ann d'iompraíochtaí atá ag teacht salach ar chomhaltas den Gharda Síochána. Is eol dó freisin go ndealraíonn sé nach ndearnadh breithniú leordhóthanach, agus cásanna áirithe á meas, ar an oibleagáid reachtúil atá ann cearta an duine atá ag gach duine aonair agus na cearta agus na hábhair imní atá ag íospartaigh a sheasamh. I gcomhcheangal leis

an obair sin, rinneadh mionbhreithniú ar na socruithe araíonachta atá ar bun laistigh den eagraíocht. Is deimhin leis an Údarás gur gá na socruithe araíonachta sin a athchóiriú agus a athnuachan go mór mar ábhar práinne. Leanfaidh sé le caidreamh a dhéanamh leis an gCoimisinéir agus leis an Roinn Dlí agus Cirt ar an ní sin.

Rinneadh mionbhreithniú le linn na bliana ar an dul chun cinn ar an mBille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail agus ar roinnt píosaí ar leith de dhréachtreachtaíocht. Beidh impleachtaí suntasacha ag an gcéad cheann de na bearta sin do gach gné den phóilíneacht, lena n-áirítear formhaoirseacht ar an nGarda Síochána. Fáiltíonn an tÚdarás roimh an gcaidreamh a rinneadh leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le roinnt eilimintí atá sa Bhille. Rud ar leithligh, is foinse díomá é nach féidir aon dul chun cinn a thuairisciú ar an rún atá ag an Údarás a chinntiú go mbeidh póilíneacht cheilte neamhshlándála ina hábhar d’fhormhaoirseacht agus go gcuirfear coimircí cuí riachtanacha i bhfeidhm ina leith. Tá an réimse sin gach pioc chomh cuí d’fhormhaoirseacht le haon ghné eile den phóilíneacht, agus leanfaidh an tÚdarás leis an ní a phlé leis an gCoimisinéir.

D’éirigh leis an Údarás roinnt cruinnithe poiblí a thionól sa phobal le linn na bliana, rud nach raibh sé in ann é a dhéanamh de dheasca phaindéim Covid-19. Tionóladh dhá chruinniú den sórt sin sa bhliain 2022, ceann amháin i Muineachán agus an ceann eile i bPort Laoise. Tugann cruinnithe poiblí deis chun an díospóireacht ar shaincheisteanna náisiúnta a shuí in imthosca sonracha an Rannáin aonair den Gharda Síochána agus éascaíonn siad teagmháil dhíreach le heagraíochtaí ina limistéir féin. Is mór ag an Údarás an comhar a fuair sé ó na hArd-Cheannfoirt agus óna gcomhghleacaithe sa dá limistéar. Leanfar le cruinnithe poiblí a thionól i mbliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a rá le mo chomhghleacaithe ar an Údarás go bhfuilim an-bhuíoch díobh as a dtiomantas leanúnach seasta don obair agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach agus lena comhghleacaithe as an ngairmiúlacht agus an díograis a léirigh siad maidir le freagrachtaí an Údaráis Póilíneachta a chomhlíonadh.

Ní féidir an t-athbhreithniú seo ar an mbliain 2022 a chríochnú gan trácht a dhéanamh ar an gcumha atá orainn go léir san Údarás Póilíneachta mar gheall ar bhás anabaí an Dochtúra Vicky Conway, cara agus iarchomhalta den Údarás. Agus í ag obair san Údarás, agus ina cuid oibre ar fad, léirigh sí tiomantas mór, tuiscint dhomhain ar an bpóilíneacht, tuiscint láidir ar na dúshláin agus na contúirtí a thagann roimh ghardaí aonair, tuiscint ar an ngá atá ann le foighne nuair a thugtar coincheap nua isteach i saol poiblí na hÉireann, agus creideamh pearsanta domhain i gcearta an duine atá ag gach duine. Cronófar go mór í i measc na ndaoine uile a raibh gean agus aithne acu uirthi.



**Bob Collins**
**31 Márta 2023**

## Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach ar an mBliain



Le linn na bliana 2022, lean an tÚdarás Póilíneachta le díriú go láidir ar an nGarda Síochána a thabhairt chun cuntais ar bhealach cothrom trédhearcach le leas gach duine. Bhí sé mar thosaíocht againn na daoine is soghonta inár sochaí a chosaint. Téamaí ar leith dár gcuid oibre formhaoirseachta ar fud na bliana ba ea aghaidh a thabhairt ar fhoréigean inscnebhunaithe, leanaí a chosaint, agus dul i ngleic le coireacht agus foréigean a bhaineann le drugaí.

Seoladh Ráiteas Straitéise an Údaráis Póilíneachta don tréimhse 2022-2024 sa bhliain 2022. Tá an straitéis bunaithe ar chúig théama straitéiseacha agus ar na spriocthorthaí a rachaidh an tÚdarás sa tóir orthu.
Chuir na téamaí sin – póilíneacht phobaldírithe; póilíneacht éifeachtach; ionracas an Gharda Síochána agus cearta an duine; stiúradh trí athruithe; agus formhaoirseacht eolach ina ndéantar caidreamh leis an bpobal ar nithe póilíneachta – bonn eolais faoinár dtosaíochtaí corparáideacha agus faoinár bplean gníomhaíochta don bhliain 2022.

Cé gur lean obair an Údaráis ar aghaidh le linn phaindéim COVID-19, ba dhearfach an rud é gur fhilleamar sa bhliain 2022 ar thimpeallacht sláinte poiblí a bhí níos cosúla don saol mar a bhí roimh an bpaindéim. D'fhág sé sin go raibh an tÚdarás in ann filleadh ar chlár oibre iomlán de chruinnithe aghaidh ar aghaidh leis an nGarda Síochána agus le geallsealbhóirí eile ar fud na hÉireann, agus sinn ag leanúint le cruinnithe fíorúla ag an am céanna. Bhí sé sin tairbheach dúinn maidir le caidrimh a fhorbairt agus maidir le cur leis an tuiscint atá againn ar an eispéireas pearsanta leis an bpóilíneacht i measc pobal ar fud na hÉireann. Áirítear iad seo a leanas leis na himeachtaí caidrimh a seoladh le linn na bliana:

- Cruinnithe le 13 cinn de Chomhchoistí Póilíneachta/de Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail ar fud na hÉireann;
- Cuairteanna ar 32 cheann d'aonaid agus stáisiúin an Gharda Síochána;
- 34 chruinniú le grúpaí agus eagraíochtaí geallsealbhóirí;
- 14 chruinniú de chuid an Údaráis, ar seoladh cúig cinn díobh go poiblí. Den chéad uair riamh, tionóladh dhá cheann de na cruinnithe sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath - ceann amháin i Muineachán i mí na Bealtaine agus an ceann eile i bPort Laoise i mí na Samhna, áit a ndearnamar caidreamh le grúpaí áitiúla ar an bpóilíneacht agus ar na saincheisteanna sábháilteachta pobail a dtagann siad orthu;
- 22 chruinniú Coiste.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar fud na bliana ar gach ceann de na cuspóirí straitéiseacha a leagamar síos. Áirítear leis na buaicphointí ina leith sin an caidreamh a rinneadh le pobail áitiúla ar réimsí amhail foréigean inscnebhunaithe, póilíneacht agus meabhairshláinte, agus imeaglú a bhaineann le drugaí. Rinneadh caidreamh suntasach leis an nGarda Síochána freisin ar araíonacht inmheánach agus ar ionracas an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, tacaíodh le dul chun cinn a dhéanamh ar a chinntiú go n-athfhorbróidh Fóram Náisiúnta Éagsúlachta an Gharda Síochána a théarmaí tagartha chun a chinntiú go bhfreastalóidh sé ar riachtanais an phobail. Is féidir anailís níos mine ar dhul chun cinn in aghaidh na gcuspóirí straitéiseacha a fháil i rannán 3 den tuarascáil seo. Tá an dul chun cinn ar ár dtosaíochtaí corparáideacha a chomhlíonadh leagtha amach in aguisín 1.

D'ullmhaigh an tÚdarás 11 fhoilseachán le linn na bliana, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Measúnú an Údaráis Póilíneachta ar Fheidhmíocht Póilíneachta 2019-2021;

- An Tuarascáil Deiridh ón Uas. Derek Penman maidir leis an Scrúdú ar athbhreithniú an Gharda Síochána ar theagmhais Seolta Ríomhchuidithe a dhúnadh (agus a chealú);
- Treoirlínte le haghaidh Comhchoistí Póilíneachta;
- Tuarascáil maidir le Siompóisiam Comhchéime le Comhoibrithe Idirnáisiúnta chun Iniúchadh a Dhéanamh ar a Indéanta atá sé Samhail Comhfhreagartha Sábháilteachta Pobail a Chur Chun Feidhme in Éirinn; agus
- Aighneacht chuig an gCoiste ar Chearta an Linbh ar an gcúigiú tuairisc thréimhsiúil agus an séú tuairisc thréimhsiúil ó Éirinn le chéile.

Is féidir na tuarascálacha sin agus tuarascálacha eile ar ullmhaigh an tÚdarás agus tríú páirtithe iad a fháil ar ár suíomh Gréasáin.

Measann an tÚdarás go bhfuil taighde ina shásra tábhachtach le haghaidh feabhsuithe ar an bpóilíneacht in Éirinn a chur chun cinn agus a éascú. Chuireamar plean ilbhliantúil i bhfeidhm, lena n-áirítear tionscadail um Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí, um Léirithe Míshásaimh agus um Pobail Mhionlaigh agus Éagsúla a Phóilíniú. I gcás cuid mhór den obair sin, oibrímid i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile a bhfuil saineolas agus taithí acu ar na réimsí ábhartha chun a chinntiú go mbaintear na torthaí is fearr amach ón taighde.

Gné shuntasach dár gcuid oibre arís eile i mbliana ba ea an ról tábhachtach atá againn i ndáil le ceapacháin shinsearacha laistigh den Gharda Síochána agus i ndáil le hacmhainní an Gharda Síochána. Seoladh comórtais roghnúcháin do chéimeanna Coimisinéara Chúnta, Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt agus bunaíodh painéil óna ndearnadh ceapacháin shinsearacha agus óna leanfar le ceapacháin shinsearacha a dhéanamh le linn na bliana 2023. Rinne an tÚdarás 45 cheapachán shinsearacha san iomlán laistigh den Gharda Síochána nó cheadaigh sé iad: seisear Coimisinéirí Cúnta, deichniúr Ard-Cheannfort, 21 Cheannfort, Stiúrthóir Feidhmiúcháin amháin, Stiúrthóir amháin agus seisear Príomhoifigeach.

Tá an tÚdarás Póilíneachta le díscaoileadh ag deireadh na bliana 2023, tráth a bhunófar comhlacht neamhspleách nua ar a dtabharfar an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail. Beidh sainchúram nua ar an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, ar sainchúram é a bheidh níos leithne ná sainchúram an Údaráis reatha, agus comhcheanglóidh sé na róil a chomhlíonann an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána araon faoi láthair. Rinneadh caidreamh dearfach leis an gCigireacht agus leis an Roinn Dlí agus Cirt ar fud na bliana 2022 maidir leis na hullmhúcháin don athrú sin, agus táimid ag tnúth le leanúint le dea-dhul chun cinn a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh an t-aistriú chuig comhlacht nua chomh réidh agus is féidir.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí den Údarás agus le m'fhoireann as an obair chrua a rinne siad agus as an ngairmiúlacht a léirigh siad le linn na bliana. A bhuí leis an bpaisean atá acu dá chinntiú go ndéantar formhaoirseacht láidir, éifeachtach agus neamhspleách ar an bpóilíneacht in Éirinn, cumasaíodh don eagraíocht an sainchúram atá uirthi a chomhlíonadh i ndáil le póilíneacht cheartabhunaithe a chur chun cinn agus i ndáil le tuiscint a chothú ar phóilíneacht as a bhfuil muinín ag na daoine éagsúla a bhfreastalaíonn sí orthu. Ba mhór agam freisin an comhar a fuarthas ó bhaill foirne maidir leis an obair hibrideach a thabhairt isteach go rathúil, ar aon dul leis an mbeartas rialtais, agus maidir le feabhsuithe eile a chur ar chleachtais oibre.

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe sin, rinne an tÚdarás caidreamh dearfach lena lán eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhlachtaí reachtúla a thug a gcuid ama go flaithiúil. Chuir sé sin go mór leis an tuiscint atá ag an Údarás ar eispéireas an phobail leis an bpóilíneacht sa stát. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine lena mbaineann as ucht a dtacaíochta, agus táim ag tnúth le caidreamh flaithiúil a fheiceáil arís eile le linn na bliana 2023.

Ní bheadh obair an Údaráis chomh héifeachtach céanna murach an tacaíocht a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile lena n-idirghníomhaímid. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as ucht a dtacaíochta agus cúnaimh le linn na bliana. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Coimisinéir an Gharda Síochána, le lucht bainistíochta an Gharda Síochána agus leis na comhaltaí agus na baill foirne uile den Gharda Síochána a ghníomhaigh go gairmiúil agus a thug comhar agus cúnamh dúinn le linn na bliana.



**Helen Hall**
**31 Márta 2023**

## 1. Athbhreithniú an Údaráis Póilíneachta 2022

AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

# ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN 2022

| 14 | 22 | 2 | 11 |
|---|---|---|---|
| CHRUINNIÚ DEN ÚDARÁS | CHRUINNIÚ COISTÍ | IMEACHT | FHOILSEACHÁN |

### ÉISTEACHT LE POBAIL

Sa bhliain 2022, lean an tÚdarás ar aghaidh ag éisteacht le pobail chun cloisteáil faoina n-eispéiris leis an bpóilíneacht agus faoi shaincheisteanna eile a dhéanann difear dá leibhéil sábháilteachta agus dá ndearcthaí i dtaobh na sábháilteachta. B'fhairsing a bhí an raon topaicí a pléadh. Ina measc sin bhí imeaglú a bhaineann le drugaí, mí-úsáid ghnéasach leanaí, póilíneacht pobail, agus foréigean baile. Rinneadh an caidreamh ar a lán bealaí, amhail cruinnithe agus fócasghrúpaí agus freastal pobal áitiúil ar chruinnithe poiblí an Údaráis ar fud na tíre. Bhí torthaí na hoibre sin mar bhonn eolais faoi phlé an Údaráis leis an gCoimisinéir, faoi thuarascálacha don Aire agus faoi mheasúnuithe ar fheidhmíocht an Gharda Síochána. Is mian leis an Údarás a bhuíochas a ghabháil leis na daoine uile a labhair go flaithiúil agus go macánta linn sa bhliain faoina n-eispéiris.

### CEAPACHÁIN

**21** CHEANNFORT

**10** ARD-CHEANNFORT

**6** CHOIMISINÉIR CHÚNTA

**6** PHRÍOMHOIFIGEACH

**1** STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

**1** STIÚRTHÓIR

### AN CAIDREAMH A THACAÍONN LENÁR BHFORMHAOIRSEACHT

**32** CHEANN D'AONAID AGUS STÁISIÚIN AN GHARDA SÍOCHÁNA

**34** CINN DE GHRÚPAÍ AGUS D'EAGRAÍOCHTAÍ

**13** CINN DE CHOMHCHOISTÍ PÓILÍNEACHTA/DE CHOMHPHÁIRTÍOCHTAÍ SÁBHÁILTEACHTA POBAIL



### FAISNÉIS FAOIN EAGRAÍOCHT

CAITEACHAS TUARTHA €3.4M

37 BHFOSTAÍ

RÁITEAS STRAITÉISE 2022-24

### PRÍOMHRÉIMSÍ FORMHAOIRSEACHTA

SRC/999

COIMEÁD

LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA

ACMHAINNÍ AN GHARDA SÍOCHÁNA

LÉIRITHE MÍSHÁSAIMH

### TAIGHDE

SAMHLACHA COMHFHREAGARTHA DO CHÁSANNA MEABHAIRSHLÁINTE GÉARCHÉIME
Imeacht Comhchéime + Tuarascáil

EISPÉIRIS ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA LEIS AN NGARDA SÍOCHÁNA
Seoladh Taighde Coimisiúnaithe

## 2. An obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta a bhfuil ról ríthábhachtach aige i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána le linn dó seirbhísí póilíneachta a sholáthar in Éirinn. Bunaíodh é an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015 (an tAcht), ar acht é lena leasaítear Acht an Gharda Síochána, 2005.

D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt Bille nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail (an Bille) i mí na Samhna 2022, rud atá á chur ar aghaidh trí Thithe an Oireachtais faoi láthair. Is é an toradh a bheidh ar an mBille ná go gcuirfear na moltaí ón tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn chun feidhme. Toradh eile a bheidh air is ea gur dócha go n-athróidh ról an Údaráis i mí Eanáir 2024. Tá sé beartaithe Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail a bhunú tríd an Údarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána a chumasc. Go dtí go mbunófar é sin, áfach, ní bheidh aon athrú ann ar fheidhmeanna reachtúla agus formhaoirseachta reatha an Údaráis Póilíneachta.

Oibríonn an tÚdarás thar cheithre phríomhréimse atá leagtha amach thíos. Freagracht de chuid an Rialtais nó de chuid an Aire Dlí agus Cirt a bhí i gcuid de na feidhmeanna sin roimhe seo. Tá an raon iomlán feidhmeanna le fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

**Formhaoirseacht ar an bPóilíneacht**

Is é príomhfheidhm an Údaráis Póilíneachta ná formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta a sholáthar. Déanaimid an méid sin ar roinnt bealaí, lena n-áirítear ar na bealaí seo a leanas:

- Tosaíochtaí Póilíneachta bliantúla agus spriocanna feidhmíochta bliantúla a leagan síos don Gharda Síochána;
- Ráiteas Straitéise trí bliana an Gharda Síochána agus Plean Póilíneachta Bliantúil an Gharda Síochána a cheadú;
- Cruinnithe míosúla a thionól le Coimisinéir an Gharda, lena n-áirítear ceithre chruinniú phoiblí a thionól gach bliain, faoi mar a cheanglaítear le reacht;
- Foinsí neamhspleácha fianaise a thógáil chun feidhmíocht a mheasúnú trí chaidreamh le raon leathan geallsealbhóirí;
- Socruithe agus sásraí laistigh den Gharda Síochána a athbhreithniú;
- Tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt agus comhairle a thabhairt dó nó di de réir mar a eascraíonn sé sin as feidhmeanna an Údaráis agus arna iarraidh sin; agus
- Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta arna ndéanamh ag an nGarda Síochána i ndáil le moltaí arna dtabhairt i dtuarascálacha ó Chigireacht an Gharda Síochána agus i dtuarascálacha tríú páirtí eile.

Cé go bhfuil an tÚdarás freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid seirbhísí póilíneachta, is amhlaidh, faoi alt 26(3) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, atá Coimisinéir an Gharda cuntasach don Aire Dlí agus Cirt maidir le feidhmeanna an Choimisinéara agus feidhmeanna an Gharda Síochána a chomhlíonadh.

**Ceapacháin**

Déanann an tÚdarás raon gníomhaíochtaí a ghabháil de láimh a bhaineann le pearsanra sa Gharda Síochána a roghnú agus a cheapadh, amhail:

- Daoine a ainmniú lena gceapadh ag an Rialtas chuig post Choimisinéir an Gharda agus post Leas-Choimisinéir an Gharda;
- Comórtais roghnúcháin a ghabháil de láimh le haghaidh ceapacháin chuig céimeanna sinsearacha Leas-Choimisinéara, Ard-Cheannfoirt, agus Ceannfoirt, agus ceapacháin a dhéanamh chuig na céimeanna sinsearacha sin agus chuig poist shinsearacha choibhéiseacha i bhfoireann an Gharda Síochána.

Déanann an tÚdarás formhaoirseacht freisin ar raon feidhmeanna eile a bhaineann le pleanáil fórsa saothair, earcaíocht, arduithe céime agus oiliúint ag an nGarda Síochána.

**Feasacht an Phobail agus Caidreamh leis an bPobal**

Bíonn ardmheas ag an Údarás Póilíneachta ar an trédhearcacht chun an fheasacht ar fheidhmíocht póilíneachta agus saincheisteanna gaolmhara a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus páirtithe leasmhara eile.

Déanann an tÚdarás cumarsáid agus caidreamh go díreach le príomh-gheallsealbhóirí chun foghlaim faoi ionchais agus eispéiris, agus chun aiseolas a fháil ina leith, rud a chabhraíonn linn inár gcuid oibre, agus cuireann sé comhairliúcháin ar siúl leis an bpobal i gcoitinne freisin.

Chun an méid sin a bhaint amach, déanann an tÚdarás cruinnithe agus imeachtaí eile a thionól go poiblí. Ina theannta sin, tá an tÚdarás tiomanta do chláir oibre agus miontuairiscí chruinnithe an Údaráis, tuarascálacha agus ábhar ábhartha eile a fhoilsiú ar ár suíomh Gréasáin.

**Taighde**

Tosaíocht thábhachtach de chuid an Údaráis Póilíneachta is ea cur leis an gcnuasach eolais atá ann maidir leis an bpóilíneacht in Éirinn, an dea-chleachtas a shainaithint, agus rannchuidiú leis an tagarmharcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Baintear an méid sin amach trí thaighde inmheánach a ghabháil de láimh chun tacú le feidhmeanna reachtúla agus tosaíochtaí corparáideacha na heagraíochta. De rogha air sin, féadfaidh an tÚdarás tionscadail taighde a choimisiúnú nó cabhrú leo maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Áirítear leis sin Sparánacht Taighde a sheoladh, agus acmhainní á gcur ar fáil chun tionscadal nó tionscadail lena gcumhdófaí téamaí taighde arna roghnú ag an Údarás a chistiú.

Chomh maith leis sin, tógann an tÚdarás líonraí le páirtithe eile i réimsí na póilíneachta agus na formhaoirseachta sa tír seo agus i dtíortha eile, lena n-áirítear comhlachtaí formhaoirseachta, forais acadúla agus taighde, agus geallsealbhóirí eile.


AN tÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY


AN tÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

| Fís |
|---|
| Seirbhís póilíneachta atá eiticiúil agus éifeachtach agus atá bunaithe ar chearta an duine agus as a bhfuil muinín ag an bpobal a bhfreastalaíonn sí air, ar muinín í atá tuillte aici ó phobal a bhíonn ag éirí níos éagsúla i gcónaí. |

| Misean |
|---|
| An Garda Síochána a choinneáil cuntasach go cothrom agus go trédhearcach le leas gach duine, go háirithe na daoine is soghonta. |

| Luachanna | |
|---|---|
| **Neamhspleáchas** | Cuirimid ár bhfeidhmeanna i gcrích gan chamadh gan chlaonadh agus bíonn aird againn ar an ngá atá le bheith neamhspleách de réir birt agus briathair, chun an freastal is fearr a dhéanamh ar an bpobal. |
| **Éisteacht** | Déanaimid caidreamh le heagraíochtaí agus éistimid lenár bpobail. Mar chuid dár seirbhís don phobal, déanaimid iarracht ghníomhach tuairimí nach gcloistear go minic a lorg agus éistimid leo, lena n-áirítear tuairimí leanaí, chun an t-eispéireas praiticiúil leis an bpóilíneacht a thuiscint. |
| **An Pobal sa Lár** | Dírímid ár n-iarrachtaí i dtreo formhaoirseacht atá oscailte, trédhearcach agus cuntasach agus a thugann cinnteacht agus muinín don phobal ar fad go bhfuilimid ag gníomhú ar a shon chun seirbhís póilíneachta a choinníonn sábháilte iad a áirithiú agus a chothú. |
| **Cothroime** | Táimid cothrom inár bpróisis, inár gcaidreamh agus inár measúnú. |
| **Meas** | Aithnímid gairmiúlacht agus taithí an Gharda Síochána agus cineál uathúil na rioscaí a ghlacann a chomhaltaí chun daoine a choinneáil sábháilte agus tá meas againn ar an méid sin. Tá meas againn freisin ar bhailíocht eispéiris na ndaoine sin go léir a mbíonn teagmháil acu leis an tseirbhís póilíneachta agus aithnímid go bhfuil ár bhformhaoirseacht bunaithe ar an dá cheann. |
| **Cearta an Duine** | Oibreoimid lena chinntiú go seasfaidh an tseirbhís póilíneachta a sholáthraíonn an Garda Síochána cearta an duine atá ag gach duine a thagann i dteagmháil leis. Cuirfimid comhionannas, éagsúlacht, cearta an duine agus cuimsiú chun cinn inár n-eagraíocht féin, sa phóilíneacht agus sa mhórshochaí. |
| **Foghlaim** | Is mór againn fiosracht agus feabhsú leanúnach inár n-eagraíocht agus sa phóilíneacht. Forbróimid ár scileanna agus ár n-eolas chun an obair a dhéanaimid a threorú. |

## 3. Dul Chun Cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas achoimre ghairid ar an dul chun cinn a rinneamar sa bhliain 2022 in aghaidh na gcuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2022-24. Tá cúig théama straitéiseacha ann sa Straitéis uainn, ar téamaí iad atá dírithe ar phóilíneacht phobail, ar phóilíneacht éifeachtach, ar ionracas an Gharda Síochána agus cearta an duine, ar eolas a thabhairt don phobal agus caidreamh a dhéanamh leis ar nithe póilíneachta, agus ar ár n-eagraíocht féin agus ar an gcumas atá againn feabhsú leanúnach a bhaint amach agus athruithe a bhainistiú.

**Téama Straitéiseach 1 - Póilíneacht Phobaldírithe**

**Spriocthoradh - Freastalaíonn an phóilíneacht ar riachtanais an phobail i ngach gné dá éagsúlacht agus gnóthaíonn sí muinín an phobail.**

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
|---|---|
| **Measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an tseirbhís póilíneachta a sholáthraítear do phobail** | • Tugadh ról do phobail in obair formhaoirseachta trí éisteacht leis na tuairimí atá ag pobail shonracha ar an tseirbhís a sholáthraítear agus trí chabhrú leis an nGarda Síochána agus le pobail saincheisteanna a shainaithint agus a chur ar aghaidh. Tionóladh cruinnithe poiblí de chuid an Údaráis i Muineachán agus i bPort Laoise, lenar áiríodh clár um chaidreamh áitiúil agus díriú ar shaincheisteanna áitiúla. Is é a tháinig as sin ná samhail le haghaidh cruinnithe poiblí, ar samhail í a chuirfear san áireamh i bPlean Gnó an Údaráis don bhliain 2023. |
| **Feabhas a chur ar an eispéireas leis an bpóilíneacht, go háirithe i measc leanaí agus daoine óga** | • Aighneacht chuig an gCoiste ar Chearta an Linbh ar an gcúigiú tuairisc thréimhsiúil agus an séú tuairisc thréimhsiúil ó Éirinn le chéile (Lúnasa 2022).<br>• Aighneacht chuig an gcomhairliúchán ar an gcéad Chreat Beartais Rialtais eile do Leanaí agus Daoine Óga (Márta 2022).<br>• Rinneadh formhaoirseacht leanúnach ar chur chun feidhme na moltaí a rinneadh sa Tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána dar teideal *Freagairt do Mhí-Úsáid Ghnéasach Leanaí* sa bhliain 2017, lenar áiríodh caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí.<br>• Rinneadh caidreamh tiomnaithe ar leibhéal an Údaráis, ar leibhéal an Choiste agus ar an leibhéal Feidhmiúcháin ar chur chuige straitéiseach agus oibríochtúil an Gharda Síochána i leith caidreamh a dhéanamh le daoine óga mar íospartaigh, mar amhrastaigh, mar chiontóirí agus mar chohórt tábhachtach den phobal.<br>• Coimisiúnaíodh taighde ar an eispéireas leis an bpóilíneacht agus ar dhearcthaí i leith na póilíneachta laistigh de phobail éagsúla agus mhionlaigh in Éirinn. Iniúchfar sa taighde an t-eispéireas leis an bpóilíneacht ar fud dhá phobal in Éirinn — an pobal Brasaíleach agus daoine de bhunadh na hAfraice. |

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
| --- | --- |
| **Formhaoirseacht dhírithe a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna don phobal trí chaidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána agus le geallsealbhóirí ábhartha** | • Foilsíodh an tuarascáil maidir le himeacht comhchéime ag Ollscoil Luimnigh, áit ar tugadh saineolaithe neamhspleácha le chéile chun plé a dhéanamh ar chomhfhreagairtí ó ghníomhaireachtaí póilíneachta agus ó ghníomhaireachtaí sláinte (samhlacha comhfhreagartha) do chásanna meabhairshláinte géarchéime (Samhain 2022).<br>• Seoladh gníomhaíocht thiomnaithe formhaoirseachta i ndáil le heispéireas na leanaí agus na ndaoine óga, mar atá thuas. Rinneadh caidreamh domhain freisin maidir leis na tionchair phobail a imríonn gníomhaíocht drugaí agus gníomhaíocht a bhaineann le drugaí i measc grúpaí coireachta eagraithe agus ina measc sin a bhfuil baint acu leis na grúpaí sin.<br>• Leagadh díriú ar leith ar fhreagairt an Gharda Síochána don imeaglú a bhaineann le drugaí agus ar eispéireas an phobail le himeaglú den sórt sin.<br>• Rinneadh caidreamh le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le geallsealbhóirí pobail maidir le raon saincheisteanna formhaoirseachta, lenar áiríodh Imeaglú a bhaineann le Drugaí, agus póilíneacht agus meabhairshláinte. |
| **Cuntasacht áitiúil póilíneachta a neartú** | • Cuireadh an 7ú himeacht comhairliúcháin bliantúil idir Cathaoirligh na gComhchoistí Póilíneachta[1], Príomhfheidhmeannaigh Údaráis Áitiúil agus ionadaithe ón nGarda Síochána ar siúl i mí Mheán Fómhair 2022 chun ionchur pobail a chur le hobair an Údaráis. Díríodh i mbliana ar na Treoirlínte nua le haghaidh Comhchoistí Póilíneachta agus ar Imeaglú a bhaineann le Drugaí, ar saincheist thábhachtach í.<br>• Seoladh treoirlínte athbhreithnithe nua le haghaidh Comhchoistí Póilíneachta i mí Mheán Fómhair 2022 agus leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad.<br>• Forbraíodh teimpléid agus eisíodh iad chun tacú le Comhchoistí Póilíneachta a gcuid oibre a chur i gcrích.<br>• Freastalaíodh ar chruinnithe de chuid Comhchoistí Póilíneachta agus glacadh páirt i dtreoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail ar fud na bliana 2022. |
| **Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscnaimh** | • Tionóladh cruinnithe tionscnaimh le treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil i bPort Láirge, ar an Longfort agus i gCeantar Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath.[2] |

[1] Tugann Comhchoistí Póilíneachta fóram tiomnaithe chun tacú le comhairliúchán, comhar agus sineirge ar shaincheisteanna póilíneachta agus coireachta idir an Garda Síochána, oifigigh údaráis áitiúil, ionadaithe tofa agus na hearnálacha pobail agus deonacha. Tá Comhchoiste Póilíneachta ar bun i ngach ceann de na limistéir údaráis áitiúil. Tá 31 cheann ann san iomlán.
[2] Tá sé mar aidhm le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil iompraíocht fhrithshóisialta a chomhrac trí phlean saincheaptha sábháilteachta pobail áitiúil a chruthú le hionchur ón bpobal áitiúil agus ó sheirbhísí poiblí.

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
| --- | --- |
| **idirghníomhaireachta agus ar aon impleachtaí do shábháilteacht pobail** | • Rinneadh díospóireacht le pobail ar fud na tíre ar shaincheisteanna a dhéanann difear do shábháilteacht pobail agus do bhraistintí sábháilteachta. |

**Téama Straitéiseach 2 – Póilíneacht Éifeachtach**

**Spriocthoradh - Bíonn an phóilíneacht éifeachtach maidir leis an gcoireacht a chosc agus a bhrath agus soláthraítear go seasta í trí úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní.**

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
| --- | --- |
| **Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta ar aon dul le ceangaltais reachtúla** | • Rinne an tÚdarás Measúnú ar Fheidhmíocht Póilíneachta le linn thréimhse straitéise an Gharda Síochána idir 2019-2021, ar measúnú é a foilsíodh i mí na Bealtaine.<br>• Bhreithnigh an tÚdarás na Tosaíochtaí Póilíneachta don tréimhse 2022-2024 agus d'athdhearbhaigh sé iad.<br>• Rinneadh caidreamh leanúnach leis an nGarda Síochána i ndáil le feidhmíocht, lenar áiríodh trí na nithe seo a leanas:<br>  ○ Aon imeacht caidrimh déag a sheol an tÚdarás i gcomhar leis an gCoimisinéir ar raon téamaí formhaoirseachta, lenar áiríodh cúig imeacht phoiblí – tionóladh dhá cheann díobh sin i Muineachán agus i bPort Laoise, agus díriú á leagan ar shaincheisteanna áitiúla póilíneachta lena linn.<br>  ○ Formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh an Phlean Póilíneachta 2022 agus in aghaidh na dTosaíochtaí Póilíneachta ar bhonn míosúil;<br>  ○ Ocht gcruinniú de chuid an Choiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta agus cúig chruinniú de chuid an Choiste um Fhorbairt Eagraíochta, agus caidreamh á dhéanamh le hionadaithe sinsearacha ón nGarda Síochána lena linn; agus<br>  ○ Measúnuithe leathbhliantúla ar Fheidhmíocht Póilíneachta a fhoilsiú.<br>• Rinneadh formhaoirseacht dhírithe ar réimsí tábhachtacha, lenar áiríodh iad seo a leanas: póilíneacht oird phoiblí; an tionchar pobail a imríonn póilíneacht drugaí agus póilíneacht a bhaineann le drugaí; seoladh ríomhchuidithe/glaonna 999 a chealú go míchuí; an fhreagairt do chionta gnéasacha agus d'fhoréigean baile; an fhreagairt do mhí-úsáid ghnéasach leanaí; cearta an duine; agus nithe a bhaineann le hionracas an Gharda Síochána. |

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
|---|---|
| **Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána chun a chinntiú go gcuirfear moltaí ó thríú páirtithe tábhachtacha chun feidhme** | • Tionóladh roinnt cruinnithe le Shawna Coxon, Leas-Choimisinéir, le linn na bliana 2022 agus tugadh mionsonraí don Údarás faoin dóigh a raibh an Garda Síochána ag cur chun feidhme na moltaí i dtuarascálacha tríú páirtí agus faoi na sásraí a d'úsáidfeadh sé chun iad a rianú. Is réimse é sin inar gá don Gharda Síochána tuilleadh infheistíochta a dhéanamh, agus beidh sé mar chuid leanúnach den fhormhaoirseacht a dhéanfaimid ar an bpóilíneacht. |
| **Measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn na feidhmeanna cumasóra, amhail airgeadas, acmhainní daonna, TFC agus cóiríocht, ag tabhairt tacaíocht straitéiseach don phóilíneacht** | • Leanann an tÚdarás le caidreamh a dhéanamh leis an gComhghrúpa Oibre idir-rannach maidir lena leordhóthanaí atá acmhainní an Gharda Síochána. Pléadh cúrsaí acmhainní go tráthrialta ag cruinnithe an Údaráis, agus cuireadh litir agus aighneacht inar measúnaíodh a leordhóthanaí atá acmhainní an Gharda Síochána faoi bhráid an Aire i mí Iúil 2022, mar a cheanglaítear faoi alt 62H(2)(b) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.<br>• Rinneadh caidreamh le Foireann Cheannaireachta Sinsearaí an Gharda Síochána maidir le pleanáil fórsa saothair.<br>• Labhair an Coiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána laistigh den Údarás faoin dul chun cinn a rinne an Garda Síochána i ndáil le hairgeadas, acmhainní daonna, rialachas agus bonneagar. |
| **Faireachán, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar a éifeachtúla atá na struchtúir, an oiliúint, an beartas agus na cleachtais atá i bhfeidhm le haghaidh an choireacht a chosc agus a bhrath go héifeachtach** | • Leanadh le formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Samhla Oibriúcháin[3].<br>• Rinneadh caidreamh leis an nGarda Síochána maidir leis an úsáid a bhaineann sé as na sonraí agus as an bhfaisnéis atá ar fáil dó chun bonn eolais a chur faoin gcur chuige a ghlactar i leith an choireacht a chosc agus a bhrath.<br>• Leanadh le formhaoirseacht a dhéanamh ar a mhéid a thacaíonn oiliúint ábhartha leis an mbeartas agus leis an gcleachtas, lena n-áirítear, mar shampla, i réimse na seirbhísí cosantacha agus an oird phoiblí. |

**Téama Straitéiseach 3 – Ionracas an Gharda Síochána agus Cearta an Duine**

**Spriocthoradh – Póilíneacht eiticiúil a sheasann cearta an duine atá ag gach duine a théann i dteagmháil leis an tseirbhís agus atá acu sin a ndéanann an tseirbhís difear dóibh.**

[3] Tá Samhail Oibriúcháin nua an Gharda Síochána á tabhairt isteach mar chuid de Sheirbhís Póilíneachta don Todhchaí. Faoin tsamhail, tiocfaidh méadú ar mhéid na rannán den Gharda Síochána agus beidh tuilleadh neamhspleáchais oibriúcháin acu.

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
|---|---|
| **Formhaoirseacht a dhéanamh ar an raon gníomhartha a bhíonn á ndéanamh ag an nGarda Síochána chun faireachán a dhéanamh ar Ionracas an Gharda Síochána agus chun tacú leis** | • Leanadh le formhaoirseacht spriocdhírithe a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a d'eascair as an Tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána dar teideal '*Cur i gcoinne Bhagairt an Éillithe Inmheánaigh*'.<br>• Rinneadh caidreamh leis an nGarda Síochána maidir le Cearta an Duine, maidir leis an gCód Eitice agus an tionchar a imríonn sé ar chultúr na heagraíochta, agus maidir le fionnachtana an dara hIniúchadh ar Chultúr an Gharda Síochána.<br>• Rinneadh caidreamh leis an nGarda Síochána maidir le raon leathan saincheisteanna ionracais, lenar áiríodh araíonacht, fionraí, nochtadh cosanta, bainistíocht feidhmíochta agus frithéilliú. |
| **Measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá Cearta an Duine leabaithe ar fud na heagraíochta** | • Leanadh le formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a d'eascair as an Tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána maidir le Seirbhísí Coimeádta a Sholáthar. Mar chuid den obair sin, ghlac Cathaoirleach an Údaráis páirt sa chomhdháil um *Choimeád in Éirinn* i mí Mheán Fómhair.<br>• Tugadh barúlacha i ndáil le Straitéis an Gharda Síochána um Chearta an Duine.<br>• Tugadh barúlacha don Choiste Oireachtais cuí i ndáil le Bille an Gharda Síochána (Taifeadadh Digiteach), a mhéid a bhaineann leis na himpleachtaí do shaincheisteanna Chearta an Duine.<br>• Tugadh barúlacha i ndáil le Dréacht-Scéim Ghinearálta an Bhille um Áiteanna Coinneála a Iniúchadh. |
| **Measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht sa dóigh a láimhseáiltear gearáin maidir le hiompraíocht an Gharda Síochána agus sa dóigh a gcinntítear go ndéanfar gníomhaíocht ina dhiaidh sin** | • Féachadh ar Léirithe Míshásaimh i leith fheidhmíocht agus iompar an Gharda Síochána ar mhaithe le tuilleadh trédhearcachta a chur leis an bpróiseas gearán agus ar mhaithe lena thuiscint cén dóigh a bpléitear le léirithe míshásaimh agus a ndéantar sonraí a bhailiú, a scrúdú agus a úsáid chun bonn eolais a chur faoi bheartas.<br>• Rinneadh caidreamh breisithe le geallsealbhóirí ó Éirinn agus ó dhlínsí comharsanacha i ndáil leis an dea-chleachtas maidir le láimhseáil a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh comhaltaí de sheirbhísí póilíneachta. |
| **Ceapacháin** | • Leanadh le forbairt a dhéanamh ar an bpróiseas le haghaidh ceapacháin chuig céimeanna sinsearacha den Gharda Síochána, agus tairiscint le haghaidh creataí inniúlachta le heisiúint sa bhliain 2023.<br>• Gabhadh trí chomórtas roghnúcháin de láimh agus bunaíodh painéal le haghaidh ceapacháin chuig céimeanna Leas-Choimisinéara, Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt. |

**Téama Straitéiseach 4 – Stiúradh trí Athruithe**

**Spriocthoradh – A chinntiú go n-imreoidh an tÚdarás tionchar ar na nithe seo a leanas agus go mbeidh sé ullmhaithe dóibh: na socruithe le haghaidh formhaoirseacht póilíneachta amach anseo; agus aistriú an Údaráis ina Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.**

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
|---|---|
| **Leas a bhaint as taithí an Údaráis chun bonn eolais a chur faoin mbreithniú ar shocruithe le haghaidh formhaoirseacht póilíneachta amach anseo agus ar chur chun feidhme na socruithe sin agus chun tionchar a imirt orthu** | • Rinneadh caidreamh gníomhach le grúpaí stiúrtha na Roinne Dlí agus Cirt agus le Cigireacht an Gharda Síochána i ndáil le haistriú an Údaráis ina Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail. |
| **An eagraíocht a ullmhú dá haistriú ina heintiteas nua** | • Rinneadh measúnuithe ar an gcumas agus ar an mbonneagar reatha chun breithniú a dhéanamh ar riachtanais an chomhlachta nua ó thaobh scileanna, rialachais, TFC, córas bainistíochta taifead, beartas agus nósanna imeachta de. |
| **Cultúr ardfheidhmíochta a chothabháil le linn thréimhse an aistrithe chuig aon socruithe oibre nua agus le linn an tÚdarás nua a bhunú** | • Rinneadh bainistiú réamhghníomhach ar nithe acmhainní daonna laistigh den Údarás, lenar áiríodh earcaíocht, coinneáil, oiliúint agus forbairt, agus bainistíocht feidhmíochta.<br>• Comhlíonadh ceanglais rialachais, riosca agus tuairiscithe ar aon dul leis an reachtaíocht agus le Cóid Chleachtais.<br>• Seoladh Inlíon nua don Údarás Póilíneachta. |
| **Aistriú éifeachtach chuig an obair hibrideach laistigh den eagraíocht a chumasú ar aon dul leis an mbeartas Rialtais** | • Leabaíodh an obair hibrideach laistigh den eagraíocht, agus saoráidí i bhfeidhm le haghaidh cruinnithe hibrideacha agus le haghaidh sealaíocht deisce. |
| **Struchtúir agus próisis rialachais a chothabháil agus a fheabhsú chun gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh** | • D'aistrigh an tÚdarás ó líonra TFC na Roinne Dlí agus Cirt chuig Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.<br>• Rinneadh roinnt iniúchtaí inmheánacha ar aon dul leis an bPlean Iniúchóireachta uainn don bhliain 2022, lenar áiríodh iniúchadh Sláinte agus Sábháilteachta, iniúchadh ar cheapacháin agus iniúchadh ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais do chomhlachtaí Rialtais agus Stáit.<br>• Rinneadh féin-athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht agus éifeachtacht an Bhoird agus na gCoistí ar aon dul leis an gCód |

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
|---|---|
| | Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. |


**Téama Straitéiseach 5 – Formhaoirseacht eolach ina ndéantar caidreamh leis an bpobal ar nithe póilíneachta**

**Spriocthoradh - Trí thaighde agus trí éisteacht ghníomhach, lorgaíonn an tÚdarás dearcthaí éagsúla i leith an eispéiris leis an bpóilíneacht agus úsáideann sé an t-eolas sin chun a dhúshlán a thabhairt don Gharda Síochána feabhas leanúnach a chur ar an bpóilíneacht.**

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
|---|---|
| **Caidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí agus grúpaí geallsealbhóirí chun a n-eispéireas féin leis an bpóilíneacht agus eispéireas na ndaoine a ndéanann siad ionadaíocht dóibh a chloisteáil ar mhaithe le bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre formhaoirseachta** | • Rinneadh caidreamh le 34 cinn de ghrúpaí agus eagraíochtaí difriúla geallsealbhóirí chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar eispéireas ár bpobal leis an bpóilíneacht.<br>• Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gcur chuige i leith caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí chun bonn eolais a chur faoin obair a dhéantar i ndáil le formhaoirseacht, i ndáil le cearta an duine agus comhionannas, agus i ndáil le feidhmíocht an Gharda Síochána a mheasúnú.<br>• Rinneadh an clár caidrimh a fheabhsú agus a éagsúlú chun go n-áireofaí leis caidreamh áitiúil i limistéir shonracha agus caidreamh le fócasghrúpaí. |
| **Caidreamh a dhéanamh le comhaltaí den Gharda Síochána i stáisiúin, i sainaonaid agus i mbiúrónna chun a n-eispéireas le dúshláin na póilíneachta, le hathchóiriú na póilíneachta agus le hacmhainniú na póilíneachta a chloisteáil agus a thuiscint** | • Rinneadh caidreamh le comhaltaí agus baill foirne ar fud na gcéimeanna agus na ngrád uile chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar eispéireas praiticiúil fhórsa saothair an Gharda Síochána le linn dóibh a róil a chomhlíonadh.<br>• Tugadh cuairteanna láithreáin agus tionóladh cruinnithe le 32 cheann de rannáin, sainbhiúrónna, stáisiúin agus aonaid an Gharda Síochána.<br>• Freastalaíodh ar chruinnithe réigiúnacha agus rannacha maidir leis an gCreat Freagrachta Feidhmíochta chun breathnú ar na socruithe fonáisiúnta bainistíochta agus rialachais atá i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána. |
| **Taighde a ghabháil de láimh, a choimisiúnú agus a chur chun cinn ar nithe póilíneachta, agus comhoibriú sa taighde sin, chun bonn eolais a chur faoi fhormhaoirseacht agus** | • Forbraíodh Straitéis Taighde Ilbhliantúil.<br>• Bunaíodh foireann tionscadail de chuid an Gharda Síochána agus an Údaráis Póilíneachta chun comhscéim Sparánachtaí Taighde a bhunú. |

| Cuspóirí | Éachtaí sa bhliain 2022 |
|---|---|
| **feasacht an phobail ar nithe póilíneachta** | |
| **Caidrimh éifeachtacha a chothabháil agus a dhoimhniú le comhlachtaí formhaoirseachta póilíneachta in Éirinn agus thar lear** | • Tionóladh cruinnithe tráthrialta, agus rinneadh caidreamh tráthrialta, le comhlachtaí idirnáisiúnta formhaoirseachta póilíneachta, go háirithe i dTuaisceart Éireann, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag.<br>• Rinneadh dlúth-idirchaidreamh le hInstitiúid na hAlban um Thaighde Póilíneachta chun eolas agus an dea-chleachtas a chomhroinnt.<br>• Leanadh le freastal ar imeachtaí agus comhdhálacha éagsúla. |
| **Feasacht an phobail a chur chun cinn ar nithe póilíneachta agus ar na torthaí atá ar fhormhaoirseacht póilíneachta** | • Foilsíodh athbhreithniú trí bliana ar fheidhmíocht an Gharda Síochána le linn na tréimhse straitéise 2019-2021. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht bunaithe go príomha, agus ní go heisiach, ar na gealltanais a thug an Garda Síochána sa Ráiteas Straitéise uaidh don tréimhse 2019-2021 agus i bpleananna póilíneachta ina dhiaidh sin.<br>• Foilsíodh Measúnú leathbhliantúil an Údaráis Póilíneachta ar Fheidhmíocht Póilíneachta don bhliain 2022 i mí Iúil.<br>• Foilsíodh raon ábhair ar shuíomh Gréasáin an Údaráis chun trédhearcacht a thabhairt do gheallsealbhóirí agus don phobal ar obair an Údaráis.<br>• Fuair an tÚdarás cumhdach áitiúil agus náisiúnta ar fud thírdhreach meán na hÉireann, lenar áiríodh sna meáin chlóite, ar líne, ar an raidió agus ar an teilifís.<br>• Cuireadh le spriocphobal nuachtlitir an Údaráis Póilíneachta agus lena phróifíl ar Twitter. |

De réir an Ráitis Straitéise uaidh, agus chun iarrataí breise ón Aire a léiriú, leag an tÚdarás na Tosaíochtaí Corparáideacha atá aige don bhliain 2022 amach i dtús na bliana chun é a threorú le linn dó a chuid oibre sa bhliain 2022 a chur in ord tosaíochta. Tá stádas gnóthachtála na dtosaíochtaí sin ag deireadh na bliana 2022 curtha ar áireamh mar eolas in Aguisín 1.


An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority
An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority
An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

## 4. Gné-Alt: Cén fáth a n-éistimid

Is é atá i gceist le formhaoirseacht a dhéanamh ar an bpóilíneacht ná measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta agus ar a mhéid atá an fheidhmíocht sin ar aon dul leis na riachtanais, na hionchais agus na cearta atá ag an bpobal a bhfreastalaíonn sí air – i ngach gné dá éagsúlacht – agus na nithe sin a thuiscint. Ní rud simplí é cineál na nithe a thagann faoi fheidhmíocht póilíneachta, sa mhéid nach féidir feidhmíocht a theorannú d'aon ghné aonair den phóilíneacht. Baineann an phóilíneacht ar an gcéad ásc leis an gcoireacht a chosc agus a bhrath agus leis an smacht reachta a fhorfheidhmiú. Is féidir cuid mhór den fheidhmíocht ina leith sin a thomhas bunaithe ar leibhéil thuairiscithe agus bhraite choireachta agus ar thorthaí ceartais choiriúil. Is seirbhís phoiblí atá á cistiú ag an gcáiníocóir í an tseirbhís póilíneachta – mar sin, ceann amháin de na gnéithe d'fheidhmíocht is ea cé acu atá nó nach bhfuil na socruithe le haghaidh acmhainní agus cumas a fhorbairt agus a dháileadh éifeachtach agus éifeachtúil. Gné eile d'fheidhmíocht i gcásanna ina dtagaimid ar aon choireacht nó ar aon imní faoinár sábháilteacht is ea luas agus oiriúnacht an fhreagra a fhaighimid nuair a chuirimid glao ar an tseirbhís póilíneachta. An raibh ton an fhreagra ar aon dul lenár n-ionchais agus lenár riachtanais?

Tomhas eile ar fheidhmíocht is ea an mhuinín atá ag an bpobal as an tseirbhís – an creideamh gur féidir leis an tseirbhís sinn a choinneáil sábháilte agus go gcoinneoidh sí sinn sábháilte, an creideamh go ndéanfar gníomh cuí póilíneachta má thuairiscímid coir, agus an creideamh go n-oibríonn na póilíní ar mhodh atá comhréireach, dlíthiúil agus eiticiúil – ní amháin chun ár gcearta a chosaint ach chun iad a sheasamh freisin, is cuma cé acu is íospartach, amhrastach nó finné sinn. D'fhéadfaí a rá nach gá dúinn teagmháil dhíreach a bheith againn leis an nGarda Síochána chun go mbeidh muinín againn as an tseirbhís póilíneachta. I gcás cuid mhór dínn, is é an t-aon teagmháil amháin a bheidh againn leis an tseirbhís póilíneachta ná síniú a fháil ar fhoirm iarratais ar phas nó stad ag seicphointe ó am go ham. Is féidir leis an muinín atá againn as an tseirbhís póilíneachta sa chomhthéacs sin teacht as dálaí agus braistint sábháilteachta a bheith ann chun sinn a chumasú ár saol a chaitheamh ar shlí a n-éascaíonn ár rath féin agus rath ár bpobal.

Chinn an tÚdarás ag luathchéim nach dteorannódh sé a chuid oibre formhaoirseachta do bhreithniú cúng a dhéanamh ar fheidhmíocht. Cé gur foinse faisnéise thábhachtach luachmhar iad staitisticí coireachta agus tuairiscí ó lucht bainistíochta an Gharda Síochána, ní ghabhtar san fhaisnéis sin leithead na nithe is gá a bhreithniú agus feidhmíocht á measúnú. Thosaigh an tÚdarás ar fhaisnéis a bhí ann cheana a chomhlánú trí thuairimí na nGardaí a oibríonn i stáisiúin agus i sainaonaid a lorg chun éisteacht le dearcadh na ndaoine sin a sholáthraíonn an tseirbhís agus a chuireann beartais agus straitéisí na heagraíochta chun feidhme. Thosaigh an tÚdarás freisin ar bhualadh le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí daoine dá bhfuil ceist na feidhmíochta póilíneachta ríthábhachtach. Áiríodh leo sin eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn le híospartaigh nó a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí den tsochaí a raibh caidreamh ciotach acu leis an nGarda Síochána san am atá thart agus, go deimhin, a bhfuil caidreamh ciotach acu leis an nGarda Síochána go fóill. Rud bunúsach, bhí an luach a chuireann an tÚdarás ar éisteacht bunaithe ar an aitheantas simplí go bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh an tÚdarás, mar chomhlacht formhaoirseachta, eispéireas agus dearcthaí na ndaoine sin a sholáthraíonn agus a fhaigheann an tseirbhís is ábhar don fhormhaoirseacht.

Agus na dearcthaí sin á mbreithniú le chéile, gnóthaíodh léargas caolchúiseach, agus léargas a bhí casta ar bhealaí áirithe, ar fheidhmíocht póilíneachta. Léiríodh sa léargas sin go raibh difríochtaí ann idir rún luaite na heagraíochta agus na torthaí póilíneachta, go raibh neamhréireachtaí ann sa dóigh ar soláthraíodh an tseirbhís agus go raibh neamhréireachtaí ann in eispéireas na ndaoine sin a bhí ag idirghníomhú leis an tseirbhís. Léiríodh ann freisin na nithe a raibh ag éirí go maith leo agus na nithe a bhí tábhachtach don phobal. D'éascaigh sé sin malartú níos eolaí agus níos saibhre idir an tÚdarás agus Coimisinéir an Gharda Síochána, áit a ndearnadh iarracht féachaint ar fheidhmíocht póilíneachta ar fud raon gnéithe difriúla.

**Éabhlóid na héisteachta**

Tráth theacht na paindéime sa bhliain 2020, tugadh cumhachtaí breise póilíneachta don Gharda Síochána. Ag an am sin, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt ar an Údarás an modh ina raibh na cumhachtaí sin á n-úsáid a mheasúnú agus tuairisc a thabhairt air. Bhí na cumhachtaí a tugadh don Gharda Síochána de chineál a chuir isteach ar phátrúin an ghnáthshaoil laethúil agus a chuir teorainn leo. Chun tuairisc a thabhairt go sofhreagrúil ar úsáid na gcumhachtaí sin, chuir an tÚdarás go tapa le leithead a chuid éisteachta. Ba é a bhí i gceist leis an bpróiseas sin ná grúpaí, eagraíochtaí agus pobail a shainaithint agus fiafraí díobh faoina n-eispéireas leis an bpóilíneacht le linn na paindéime. Níor thaighde é. Níor chomhairliúchán é ach oiread. Ní raibh an próiseas éisteachta ceaptha chun a bheith ionadaíoch ó thaobh staidrimh de. Bhí formáid shimplí air, áit ar iarradh ar dhaoine labhairt faoina n-eispéireas leis an bpóilíneacht agus faoin dóigh a raibh an Garda Síochána ag úsáid na gcumhachtaí nua póilíneachta. Rinne na daoine sin amhlaidh. Agus iad ag tabhairt a gcuid ama go flaithiúil, labhair siad go han-mhacánta faoina n-eispéireas.

Agus é ag roghnú cé na daoine a labhródh sé leo, rinne an tÚdarás iarracht dul i dteagmháil le raon pobal difriúil ó gach cuid den tír, mar aon le leasanna gnó, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí ar leith den tsochaí. Chothaigh an tÚdarás caidreamh le cuid mhór díobh, agus é ag dul i dteagmháil leo roinnt uaireanta chun cloisteáil faoin dóigh a raibh múnlaí athraitheacha na paindéime ag déanamh difear don phóilíneacht. Rinne an tÚdarás iarracht ar leith a chinntiú go mbeadh na daoine nach gcloistear uathu de ghnáth i measc na ndaoine a n-éistfeadh sé leo. Tá ár gcuid oibre éisteachta bunaithe ar an mbuntuiscint nach fíor go mbíonn sé deacair dul i bhfeidhm ar dhaoine. Ina ionad sin, is annamh a chloistear iad. Tugann an deacracht sin le tuiscint go gcuireann grúpaí bac ar dhaoine rochtain a fháil orthu, agus iad ag iarraidh cosc a chur ar an lucht oifigiúlachais caidreamh fiúntach a dhéanamh leo. Is é eispéireas an Údaráis nach gá ach iarracht bheag a chur isteach chun grúpaí, eagraíochtaí agus pobail a chur ag labhairt faoina n-eispéireas praiticiúil laistigh dá bpobail agus faoi fhírinní a saoil. Tá ábhar ar fáil trí shuirbhéanna dearcaidh ar thuairimí an phobail ar an bpóilíneacht. D'fhéadfaí a rá, áfach, nach ndéantar laistigh de na suirbhéanna sin dóthain ionadaíochta dóibh sin arb annamh a chloistear uathu chun dearbhú a thabhairt go léiríonn na torthaí eispéireas na ndaoine sin leis an bpóilíneacht. Ní aonchineálach atá ár n-eispéiris féin. Ní aonchineálach ach oiread atá ár n-eispéireas leis an bpóilíneacht, rud a leagadh amach sna tuarascálacha a ullmhaíodh le linn na paindéime.

Nuair a thosaigh an tÚdarás an obair sin, b'fhéidir nach raibh sé ag coinne le saibhreas na ndearcthaí a chuirfí in iúl. Chuir an t-ábhar sin bonn eolais faoi na tuairiscí a thugamar don rialtas agus thug sé léargas dúinn ar dhearcadh an phobail ar an gcur chuige a glacadh i leith na póilíneachta le linn tréimhse a bhí strusmhar dúinn go léir. Ceann amháin de na príomhléargais, b'fhéidir, ba ea a fháil amach cé na nithe a bhí ar na nithe ba thábhachtaí don phobal ó thaobh na seirbhíse póilíneachta de. Leagadh an méid sin amach go mion sna sé thuarascáil déag a d'fhoilsigh an tÚdarás maidir leis an bpaindéim sna blianta 2020 agus 2021. Mar achoimre, fuarthas amach go ngabhann braistint sábháilteachta le póilíní a bheith sa phobal, seachas a bheith le feiceáil amháin, go mbíonn an pobal ag iarraidh teagmháil a fháil lena seirbhís póilíneachta, agus gur táscaire ar fheidhmíocht atá tábhachtach do phobail agus a chothaíonn iontaoibh agus muinín an phobail is ea ton póilíneachta a léiríonn gur seirbhís póilíneachta í a chosnaíonn gach duine.

**Éisteacht sa bhliain 2022**

Lean an tÚdarás uirthi ag éisteacht, agus í ina gné thábhachtach den dóigh a n-oibrímid anois. Sa bhliain 2022, bhuail an tÚdarás le raon leathan pobal agus grúpaí chun cloisteáil faoina n-eispéireas leis an bpóilíneacht. Ní dhéantar aon iarracht na nithe a chloisimid a ghinearálú. Is é atá i gceist anseo ná eispéireas ar leith na ndaoine aonair agus na ngrúpaí in áit ar leith ag pointe ama ar leith. Is amhlaidh a thagann téamaí

coitianta chun cinn, áfach, agus tugann siad sin léargas úsáideach ar fheidhmíocht póilíneachta. Thug an tÚdarás cuid mhór de na téamaí a tháinig chun cinn sa bhliain 2022 le chéile i ndoiciméad amháin dar teideal 'What we heard', a foilsíodh i mí Feabhra 2023. Tá an doiciméad sin bunaithe ar a lán comhráite a bhí againn, agus tugtar léargas ann ar na dúshláin arb eol don phobal go dtagann siad roimh an nGarda Síochána le linn dó an tseirbhís póilíneachta a sholáthar. Leagtar amach ann freisin na dúshláin atá le sárú ag pobail. Ceann amháin de na príomhthéamaí atá le breithniú, b'fhéidir, is ea nach féidir leis an nGarda Síochána sábháilteacht ná braistint sábháilteachta a sholáthar leis féin. Tá roinnt tosca taobh thiar dár mbraistint sábháilteachta, ar tosca iad a théann níos faide ná an choireacht a chosc agus a bhrath agus, go deimhin, a théann níos faide ná an choireacht a bheith in easnamh. Áirítear leo sin tithíocht, oideachas, cosaint leanaí, sláinte agus meabhairshláinte agus an cumas atá ag gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí obair le chéile ar an leibhéal beartais agus, go háirithe, ar an leibhéal áitiúil.

Agus reachtaíocht á cur ar aghaidh faoi láthair maidir le coincheap agus soláthar na Sábháilteachta Pobail, is ábhartha an rud é aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach neamhtheoranta a imríonn an Garda Síochána maidir le Sábháilteacht Pobail a bhaint amach agus a chothabháil. Is faoi phobail atá sé obair i gcomhar leis na gníomhaireachtaí éagsúla ar féidir leo na dálaí a chruthú inar féidir le pobail bláthú. Leanfaidh an tÚdarás le héisteacht le Gardaí, le pobail agus le grúpaí chun cur leis an tuiscint atá aige ar shábháilteacht pobail chun ullmhú dá ról amach anseo mar Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.

# 5. Rialachas agus Struchtúr

### 1. Comhaltaí an Údaráis

Déantar foráil le reachtaíocht bhunaidh an Údaráis maidir le comhaltas ina bhfuil Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí, arna gceapadh ar feadh téarma trí bliana nó ceithre bliana agus an fhéidearthacht ann iad a athcheapadh ar feadh téarma breise, faoi réir uastéarma ocht mbliana. Ba é an Rialtas a roghnaigh an Cathaoirleach agus comhaltaí an Údaráis lena gceapadh tar éis próisis roghnúcháin ar reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iad faoin bpróiseas Stateboards.ie. Níl Comhaltaí an Oireachtais ná Comhaltaí Údarás Áitiúil, comhaltaí ar seirbhís den Gharda Síochána, de GSOC ná de Chigireacht an Gharda Síochána i dteideal a bheith ina gcomhaltaí den Údarás.

Bhí naonúr comhaltaí ag an Údarás i dtús na bliana 2022. Bhí ochtar comhaltaí aige ag an 31 Nollaig 2022, toisc gur éirigh comhalta amháin as le héifeacht ón 8 Bealtaine 2022. Fostaíodh comhaltaí an Údaráis ar bhonn iad a bheith ar fáil idir ceithre lá agus sé lá in aghaidh na míosa, agus tá an Cathaoirleach le bheith ar fáil go foirmiúil ar bhonn 2.5 lá in aghaidh na seachtaine. Tá mionsonraí Chomhaltaí an Údaráis liostaithe i dTábla 1, lena n-áirítear a dtéarma oifige agus a bhfreastal ar chruinnithe sa bhliain 2021. Taispeántar i dTábla 2 táillí bliantúla agus costais taistil agus cothaithe do Chomhaltaí an Údaráis don bhliain 2022.

**Tábla 1: Téarmaí oifige na gComhaltaí den Údarás agus a bhfreastal ar chruinnithe sa bhliain 2022**

| Comhalta den Údarás | Dul in éag don téarma | Cruinnithe den Údarás ar freastalaíodh orthu | Cruinnithe Coiste agus Ionadaíochta[4] |
|---|---|---|---|
| Bob Collins (Cathaoirleach) | 31/12/23 | 13 | 21 |
| Deborah Donnelly | 31/12/23 | 13 | 8 |
| Donal de Buitléir | 08/03/24 | 14 | 5 |
| Elaine Byrne | 08/03/24 | 11 | 5 |
| Moling Ryan | 31/12/23 | 13 | 13 |
| Paul Mageean | 31/12/23 | 14 | 5 |
| Shalom Binchy | 08/03/24 | 14 | 8 |
| Stephen Martin[5] | 08/03/24 | 4 | 2 |
| Valerie Judge | 31/12/23 | 13 | 5 |

[4] Tionóladh 22 chruinniú Coiste san iomlán. Ina theannta sin, d'fhreastail Comhaltaí ar roinnt cruinnithe grúpaí oibre agus rinne siad ionadaíocht don Údarás ag roinnt cruinnithe agus imeachtaí eile le linn na bliana.

[5] D'éirigh Stephen Martin as a ról san Údarás le héifeacht ón Domhnach an 8 Bealtaine 2022.

| Tábla 2: Táillí bliantúla agus costais taistil agus chothaithe do Chomhaltaí an Údaráis[6] | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhalta den Údarás** | **Táillí Bliantúla[7] a íocadh sa bhliain 2022**<br><br>**€** | **Costais a aisíocadh leis an gComhalta sa bhliain 2022**<br><br>**€** | **Costais a íocadh go díreach le soláthraithe sa bhliain 2022**<br><br>**€** |
| Bob Collins (Cathaoirleach) | 32,450.00 | - | 460.10 |
| Deborah Donnelly | 14,963.00 | - | 1,172.60 |
| Donal de Buitléir | 14,963.00 | - | 194.00 |
| Elaine Byrne | 14,963.00 | 340.82 | 661.75 |
| Moling Ryan | 14,963.00 | - | 194.00 |
| Paul Mageean | 14,963.00 | 2,292.00 | 1,549.75 |
| Shalom Binchy | 14,963.00 | - | 105.00 |
| Stephen Martin[8] | 5,298.54 | - | 352.70 |
| Valerie Judge | 14,963.00 | - | 89.00 |

## 2. Coistí an Údaráis

Bhí roinnt Coistí ag an Údarás sa bhliain 2022 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar rialachas an Údaráis agus chun a chuid oibre a chur chun cinn i ndáil lena thosaíochtaí reachtacha faoi Théarmaí Tagartha inar leagadh amach a gcuspóir, lenar treoraíodh a gcuid oibre agus inar leagadh amach na mionsonraí faoi nithe a tharmligtear chuig an gCoiste lena chinneadh. Foilsítear na Téarmaí Tagartha do gach Coiste agus miontuairiscí ceadaithe a gcruinnithe sa bhliain 2022 ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Póilíneachta.

Buanmhír ar an gclár cruinnithe ag gach cruinniú de chuid an Údaráis is ea an t-eolas is deireanaí a fháil ó Choistí. Cuireann Cathaoirleach gach Coiste an t-eolas is deireanaí ar obair an Choiste ar fáil don Údarás ó bhéal. Páipéir ina leagtar amach na nithe atá le cinneadh nó le ceadú ag an Údarás agus a eascraíonn as obair na gCoistí, cuirtear isteach iad lena mbreithniú le linn na gcruinnithe den Údarás. Tugtar acmhainn rúnaíochta do gach Coiste agus coinníonn Cathaoirleach an Choiste an Príomhfheidhmeannach ar an eolas faoi obair ar bith a bhféadfadh go mbeadh acmhainní breise ag teastáil ina leith.

Bhí ceithre choiste i bhfeidhm sa bhliain 2022. Tá gach comhalta den Údarás ina chomhalta nó ina comhalta de Choiste amháin ar a laghad, cé is moite den Chathaoirleach, a fhéadfaidh freastal ar chruinnithe Coiste ó am go chéile, cé nach comhalta d'aon Choiste é. Bhí comhalta seachtrach amháin ag gach Coiste ag deireadh na bliana 2022 freisin. Tá comhalta seachtrach is saineolaí sinsearach neamhspleách earcaíochta mar chathaoirleach ar an gCoiste um Rialachas maidir le Dearbhú Cáilíochta Ceapachán agus Roghnúchán an

[6] Is dréachtfhigiúirí iad na figiúirí atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus iad faoi réir iniúchadh ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
[7] Ceadaíonn an tAire Dlí agus Cirt na táillí a íoctar le Comhaltaí den Údarás, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
[8] D'éirigh Stephen Martin as a ról san Údarás le héifeacht ón Domhnach an 8 Bealtaine 2022.

Gharda Síochána. Tá mionsonraí faoi gach coiste, mar aon le comhaltas agus cruinnithe sa bhliain 2022, leagtha amach i dTábla 3.

| Tábla 3: Coistí an Údaráis, 2021 | | |
|---|---|---|
| **Coiste** | **Comhaltas** | **Cruinnithe sa bhliain 2022** |
| **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** | Moling Ryan (Cathaoirleach)<br>Bernadette Orbinski Burke (Comhalta seachtrach)[9]<br>Declan Hoban (Comhalta seachtrach)[10]<br>Melanie Pine (Comhalta seachtrach)[10]<br>Ronan Nolan (Comhalta seachtrach)[10] | 5<br>1<br><br>2<br>3<br>3 |
| **An Coiste um Rialachas maidir le Dearbhú Cáilíochta Ceapachán agus Roghnúchán an Gharda Síochána** | Bryan Andrews (Cathaoirleach) (Comhalta seachtrach)<br>Moling Ryan<br>Valerie Judge | 4<br>4<br>3 |
| **An Coiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána** | Paul Mageean (Cathaoirleach)<br>Donal de Buitléir<br>Elaine Byrne<br>Melanie Pine (Comhalta seachtrach)[10]<br>Valerie Judge | 5<br>5<br>5<br>2<br>5 |
| **An Coiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta** | Deborah Donnelly (Cathaoirleach)<br>Gillian Imery (Comhalta seachtrach)[11]<br>Moling Ryan<br>Ronan Nolan (Comhalta seachtrach)[10]<br>Shalom Binchy<br>Stephen Martin[5] | 8<br>1<br>8<br>2<br>8<br>2 |

### 3. An Fhoireann Feidhmiúcháin

Ag obair di faoi stiúir ag an bPríomhfheidhmeannach, is é ról na Foirne Feidhmiúcháin beartais agus cinntí an Údaráis a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is é ról na foirne ardbhainistíochta an tÚdarás a choinneáil ar an eolas, trína cruinnithe tráthrialta, faoi fhorbairtí ábhartha, lena n-áirítear aon rioscaí ábhartha, agus tacú le hobair an Údaráis tríd an tacaíocht, an fhaisnéis agus an saineolas ábhartha a sholáthar i ndáil le rialachas agus forbairt beartais ar leibhéal an Údaráis agus ar leibhéal na gCoistí araon.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach sa reachtaíocht agus i gCreat Rialachais an Údaráis. Ina theannta sin, is é nó í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus is freagracht í sin atá ar leithligh ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Údaráis.

[9] D'éirigh Bernadette Orbinski Burke as a ról an 23 Samhain 2022

[10] Tháinig téarmaí Ronan Nolan agus Melanie Pine ar choistí an Údaráis chun deiridh an 28 Iúil 2022. Ceapadh Declan Hoban agus Bernadette Orbinski Burke chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an lá céanna.

[11] Ceapadh Gillian Imery chuig an gCoiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta an 3 Samhain 2022.

Tá comhaltas na foirne ardbhainistíochta ar taispeáint i dTábla 4.

| Tábla 4: An Fhoireann Ardbhainistíochta 2021 | |
|---|---|
| **Ról** | **Ainm** |
| Príomhfheidhmeannach | Helen Hall |
| Stiúrthóir | Aoife Clabby |
| Stiúrthóir | Cormac Keating |
| Stiúrthóir | Margaret Tumelty |

B'ionann agus €172,892 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh an 31 Nollaig 2022, agus é ar scála tuarastail an Rúnaí Chúnta sa státseirbhís, arb í an tsuim a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í. B'ionann agus €5,384.09 na costais taistil agus chothaithe a aisíocadh leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain 2022, ar costais iad a d'éirigh as comhlíonadh a cuid dualgas.

## 4. Conas a oibrímid

Cruinnithe an Údaráis

Pleanálann an tÚdarás le haghaidh cruinniú iomlánach lae a thionól gach mí, seachas i mí Lúnasa. Bíonn cruinniú le Coimisinéir an Gharda agus le foireann shinsearach an Gharda mar chuid de gach cruinniú. Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht líon nach lú ná ceithre chruinniú a thionól go poiblí le Coimisinéir an Gharda gach bliain. Déantar sceideal na gcruinnithe don bhliain a fhoilsiú roimh ré, agus léirítear air cé na cruinnithe a thionólfar go poiblí leis an gCoimisinéir. Ó am go chéile, tionólann an tÚdarás cruinnithe breise nó eisceachtúla de réir mar is gá, agus is féidir go n-áireofar leo sin cruinnithe leis an nGarda Síochána. De bhreis ar 11 chruinniú sceidealta sa bhliain 2022, tionóladh trí chruinniú bhreise sa bhliain 2022 chun déileáil le saincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn.

Maidir le cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir, is gnách go dtionóltar iad in ionad poiblí agus féadfaidh an pobal agus na meáin teacht isteach agus amharc orthu. Mar gheall ar na bearta sláinte a cuireadh i bhfeidhm de bharr phaindéim COVID-19, ba ar líne a tionóladh cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir sa chéad leath den bhliain 2022, agus leanadh de na cruinnithe a fhógairt roimh ré ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Craoladh iad ar bheoshruth ar shuíomh Gréasáin an Údaráis agus bhí siad ar fáil lena gcraoladh ag na meáin. Tá taifeadtaí cartlannaithe ar fáil chun amharc orthu ar chainéal an Údaráis ar YouTube. Ceadaíodh do dhaoine den phobal freastal i bpearsa ar chruinnithe poiblí an athuair ó mhí Mheán Fómhair 2022 i leith.

Sa bhliain 2022, tháinig an tÚdarás le chéile 14 huaire san iomlán, agus cruinnithe aige le Coimisinéir an Gharda agus lena chomhghleacaithe sinsearacha ar 11 cheann de na himeachtaí sin. Tionóladh cúig cinn díobh go poiblí.

Déanann an tÚdarás dréachtchlár oibre le haghaidh cruinnithe a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin seachtain amháin roimh an gcruinniú, agus foilsítear miontuairiscí ceadaithe ar an suíomh Gréasáin freisin. Ina theannta sin, foilsíodh tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda don Údarás ar shuíomh Gréasáin an Gharda Síochána agus ar shuíomh Gréasáin an Údaráis araon.

Déanann an tÚdarás soláthar do chruinniú príobháideach a thionól ag gach cruinniú míosúil gan an Fhoireann Feidhmiúcháin a bheith i láthair, agus baineadh leas as an soláthar sin ceithre huaire sa bhliain 2022.

I gcomhréir leis an ardluach a chuireann an tÚdarás ar an oscailteacht agus an trédhearcacht, tá an tÚdarás tiomanta do chumarsáid agus caidreamh a dhéanamh leis an bpobal trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cláir oibre agus miontuairiscí cruinnithe a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Údaráis;
- Cruinnithe a thionól go poiblí, trí chomhairliúcháin le geallsealbhóirí agus leis an bpobal agus trí chaidreamh a dhéanamh go díreach le príomh-gheallsealbhóirí amhail comhchoistí póilíneachta agus an tsochaí shibhialta; agus
- Tuarascálacha agus ábhar eile a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin.

## 5. Socruithe Rialachais

Tá an tÚdarás Póilíneachta bunaithe mar chomhlacht atá neamhspleách go reachtúil. Tá an tÚdarás neamhspleách go hiomlán agus a fheidhmeanna reachtúla á bhfeidhmiú aige agus tá sé cuntasach go cuí don Oireachtas agus don Aire Dlí agus Cirt mar chomhlacht a fhaigheann cistiú poiblí.

Treoraítear an Creat Rialachais agus Rialaithe foriomlán laistigh den Údarás leis na nithe seo a leanas:

- Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú;
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, rud ar ghlac an tÚdarás é;
- An Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, a bhfuil sé de cheangal ar an Údarás é a chomhlíonadh i bhfianaise an chistiúcháin a fhaigheann sé ó Vóta Státchiste;
- Na moltaí ón nGrúpa Oibre maidir le Cuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);
- An Cód Eitice don Gharda Síochána, rud ar ghlac an tÚdarás é, nuair is infheidhme;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí;
- An Cód Caiteachais Phoiblí; agus
- Cibé reachtaíocht, beartais agus ciorcláin eile de chuid an rialtais agus na seirbhíse poiblí is infheidhme maidir le heagraíochtaí státseirbhíse.

<u>Creat Rialachais</u>

Leagtar amach go mion i ndoiciméad Creat Rialachais an Údaráis na socruithe rialachais atá i bhfeidhm san Údarás. Tá sraith doiciméad rialachais eile mar thaca leis sin. Áirítear leo na doiciméid seo a leanas:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus do bhaill foirne;
- Buan-Orduithe;
- Scéim tarmligin agus nithe atá forchoimeádta don Údarás;
- Ráiteas Straitéise 2022-2024; agus
- Comhaontú Formhaoirseachta agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt.

Leasaíodh na doiciméid sin de réir mar ba chuí le linn na bliana 2022 chun aon athruithe a measadh a bheith riachtanach a léiriú, agus tá siad foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Freagrachtaí

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh;
- Comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla uile is infheidhme;
- An Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;
- Nithe a bhaineann le hiniúchóireacht, le rialachas agus le bainistíocht riosca;
- A chinntiú go mbíonn córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme;
- Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a ghlacadh; agus
- An Tuarascáil Bhliantúil seo ón Údarás a ullmhú.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as a dualgais a chomhlíonadh agus as cibé faisnéis a sholáthar dó i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin a éileoidh an tÚdarás ó am go chéile.

Oibríonn an tÚdarás faoi sholáthar airgeadais a vótálann an Dáil é gach bliain, agus is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith sin, agus freagrachtaí gaolmhara uirthi as an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

Cód Iompair

Leagtar amach i gCód Iompair an Údaráis Póilíneachta na caighdeáin prionsabal agus cleachtas lena rialaítear iompar Chomhaltaí agus bhaill foirne an Údaráis Póilíneachta, lena n-áirítear comhaltaí seachtracha de Choistí an Údaráis. Is é cuspóir an Chóid:

- Tacar comhaontaithe prionsabal eiticiúil do Chomhaltaí agus bhaill foirne an Údaráis a bhunú;
- An fhorbairt cleachtas neamheiticiúil, agus an glacadh leo, a chosc; agus
- Muinín as na Comhaltaí agus iontaoibh iontu a chur chun cinn agus a chothabháil.

Trí na heochairphrionsabail ar cheart do chomhaltaí agus baill foirne cloí leo a leagan amach, eadhon:

- Gníomhú chun Leas an Phobail;
- Ionracas agus Neamhspleáchas;
- Trédhearcacht;
- Rúndacht;
- Rannpháirtíocht; agus
- Cothroime.

Leis an gCód, leagtar béim ar thiomantas an Údaráis do na caighdeáin is fearr ó thaobh iompar gnó de, agus ullmhaíodh é chun cabhrú le Comhaltaí agus baill foirne an Údaráis a gcuid dualgas, ceart agus oibleagáidí a thuiscint. Cuirtear de cheangal ar Chomhaltaí agus baill foirne leis freisin cloí leis an gCód Eitice don Gharda Síochána. Déanann an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar an gCód chun a chinntiú go bhfuil sé cuí fós.

Coinbhleachtaí Leasa

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Comhaltaí agus baill foirne an Údaráis forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, nuair is infheidhme. Ina theannta sin, is amhlaidh, de réir Chód Iompair an Údaráis Póilíneachta do Chomhaltaí agus do Bhaill Foirne, a chláraíonn Comhaltaí an Údaráis a leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí tráth a gceapacháin. Rialaítear leis an gCód Iompair freisin coinbhleachtaí leasa i gcás comórtais roghnúcháin arna reáchtáil ag an Údarás agus in imthosca eile a bhféadfadh go dtiocfadh coinbhleachtaí leasa chun cinn iontu. Comhlánaíonn gach Comhalta den Údarás tuairisceán bliantúil eitice de réir cheanglais an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí.

Buan-Orduithe

Leagtar amach i mBuan-Orduithe an Údaráis na nósanna imeachta trína seolann an tÚdarás a ghnó.

Scéim Tarmligin

Tá scéim tarmligin comhaontaithe ag an Údarás. Leagtar amach inti:

- Údarás tarmligthe don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach chun caiteachas faoi bhun tairseacha comhaontaithe a cheadú;
- Nithe a bhaineann le rialachas atá forchoimeádta don Údarás; agus
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis agus a mhéid atá siad tarmligthe chuig Coiste den Údarás nó chuig an bPríomhfheidhmeannach nó atá siad forchoimeádta don Údarás.

Meastóireacht Feidhmíochta

Rinneadh athbhreithniú féinmheasúnaithe ar éifeachtacht an Údaráis sa bhliain 2022 de réir cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar é sin gach bliain trí shuirbhé gan ainm a dhéanamh ar gach comhalta atá ann cheana ag deireadh na bliana.

Formhaoirseacht ag an Máthair-Roinn

Tá Comhaontú Formhaoirseachta agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt ina sainítear go soiléir téarmaí an chaidrimh idir an Roinn agus an tÚdarás. Déantar cur síos iontu freisin ar na príomhróil, na príomhfhreagrachtaí agus na príomhthacaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh idir an tÚdarás ar thaobh amháin agus an Roinn, an tAire agus an tOireachtas ar an taobh eile. Léirítear agus leagtar amach sna comhaontuithe sin a mhéid atá na ceanglais um chomhlíonadh sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú oiriúnaithe go cuí d'imthosca (lena n-áirítear méid agus neamhspleáchas) an Údaráis.

Le roinnt d'fheidhmeanna an Údaráis Phóilíneachta a leagtar amach san Acht, ceanglaítear ar an Údarás dul i ndáil chomhairle leis an Aire nó leis an Rialtas ar nithe éagsúla nó comhairle a chur air ina leith nó eolas a thabhairt dó fúthu.

Cuirtear cruinnithe idirchaidrimh rialachais idir lucht ardbhainistíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus lucht ardbhainistíochta an Údaráis ar siúl ar bhonn leathbhliantúil chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun míreanna leasa choitinn i ndáil le sainchúram an Údaráis a bhreithniú. Mar chuid de na socruithe nua cuntasachta agus formhaoirseachta póilíneachta, bíonn cruinniú amháin ar a laghad ann gach bliain idir

an Roinn, an Garda Síochána agus an tÚdarás, d'fhonn nithe a thagann chun cinn i ndáil le seirbhísí póilíneachta agus freagrachtaí éagsúla gach eagraíochta díobh a phlé agus athbhreithniú.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí Iúil 2016 faoi Chairt Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá sé comhdhéanta de bheirt chomhaltaí sheachtracha agus de chomhalta amháin den Údarás, agus tháinig sé le chéile cúig huaire sa bhliain 2022. Soláthraíonn an Coiste comhairle neamhspleách don Údarás agus don Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnacht agus láidreacht rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bhainistíocht riosca, agus chórais agus nósanna imeachta rialachais na heagraíochta.

Bainistíocht Riosca

Tá beartas agus córas cuimsitheach bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Údarás, lena n-áirítear clár rioscaí atá mionsonraithe agus cothrom le dáta. Áirítear leis an gclár rioscaí measúnú mionsonraithe ar na príomhrioscaí don Údarás agus tuairisc ar na rioscaí agus ar na rialuithe agus bearta inmheánacha chun riosca a mhaolú. Déanann Príomhoifigeach Riosca an Údaráis an clár rioscaí a chothabháil, agus athraítear chun dáta é ar bhonn leanúnach chun rioscaí nua a thagann chun cinn ar gach leibhéal den eagraíocht, agus athruithe ar na rialuithe chun rioscaí a mhaolú, a léiriú. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár rioscaí gach ráithe. Athbhreithníonn an tÚdarás an clár iomlán uair amháin sa bhliain ar a laghad. Is buanmhír ar chlár oibre chruinnithe míosúla an Údaráis í bainistíocht riosca, agus athbhreithnítear tuarascáil mhíosúil ar bhainistíocht riosca agus pléitear na rioscaí sonracha. Tugtar aghaidh ar rioscaí agus bearta chun rioscaí a mhaolú i gcomhthéacs na bpléití suntasacha agus na gcinntí suntasacha uile a dhéanann an tÚdarás. Tá nósanna imeachta chun rioscaí a bhainistiú i bhfeidhm ar fud na heagraíochta agus is mír den chlár oibre iad ag cruinnithe bainistíochta, foirne agus tionscadail.

Córas Rialaithe Inmheánaigh

Tá córais agus nósanna imeachta atá láidir agus éifeachtach i bhfeidhm san Údarás maidir le rialú inmheánach chun a chinntiú go gcomhlíonfar, de réir mar is cuí, na prionsabail, ceanglais agus treoirlínte iomchuí de chuid an Chóid Caiteachais Phoiblí agus chun rioscaí a mhaolú. Rinne soláthraí Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh chun a chinntiú go ndearnadh gach gné den bhainistíocht riosca agus den rialú inmheánach don bhliain a bhreithniú agus chun dearbhú suntasach a sholáthar maidir le leordhóthanacht na gcóras rialaithe inmheánaigh chun príomhrioscaí dúchasacha a mhaolú agus/nó a bhainistiú.

Iniúchóireacht Inmheánach

Seachfhoinsíodh an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí don Údarás chuig Crowleys DFK tar éis próiseas soláthair a rinneadh go mall sa bhliain 2020. Tá Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí agus Clár Oibre i bhfeidhm, agus cuireadh roinnt iniúchtaí inmheánacha i gcrích sa bhliain 2022 i gcomhréir leis an bplean iniúchóireachta.

Soláthar

Treoraítear an ghníomhaíocht soláthair ar fad leis an gCód Caiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus bhí Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm don bhliain 2022. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás le haghaidh earraí agus seirbhísí a fháil. Lorgaítear ceadú foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh an chaiteachais ar fad atá os cionn tairseach chomhaontaithe.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Tá an tÚdarás tiomanta do sheirbhís atá gairmiúil, éifeachtúil, cúirtéiseach agus ar ardchaighdeán a sholáthar do gach duine a dhéanann cumarsáid linn, de réir na bprionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Mar sin, d'fhoilsíomar an Chairt Chustaiméirí 2022 – 2024 uainn agus an Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2022 – 2024 uainn araon ar ár suíomh Gréasáin.

Tuairisciú Airgeadais

Bhí na nósanna imeachta cuí uile le haghaidh tuairisciú airgeadais i bhfeidhm laistigh den Údarás sa bhliain 2022, lena n-áirítear:

- Buiséad bliantúil a ndearna an tÚdarás faireachán ar chaiteachas i gcomparáid leis, faoi threoir sainchúram reachtúil an Údaráis a bhaint amach ar fud na bliana;
- Forbhreathnú airgeadais ar sholáthair an Príomhfheidhmeannach é do Chomhaltaí an Údaráis ar bhonn míosúil;
- Déantar tuarascálacha foirmiúla ar chaiteachas iarbhír i gcomparáid leis na buiséid a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil, agus tuairiscítear iad don Údarás gach mí agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag gach ceann dá chruinnithe;
- Déantar ionadaíocht don Údarás ag cruinnithe den Choiste Bainistíochta Airgeadais maidir le Vóta na hEarnála Dlí agus Cirt chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas don Ghrúpa Vóta, chun aon saincheisteanna comhchoiteanna airgeadais a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhíreanna suntasacha caiteachais nua;
- Déantar an Cuntas Leithreasa Bliantúil a ullmhú agus a chur isteach lena iniúchadh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; agus
- Soláthraítear tuarascálacha ábhartha agus tráthúla ina gcuimsítear faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais don Lucht Ardbhainistíochta.

Comhlíonadh na Reachtaíochta

Bunaíodh an tÚdarás faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin. Tá socruithe i bhfeidhm aige freisin chun a chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla seo a leanas, nuair is infheidhme:

**Cosaint Sonraí**

Comhlíonann an tÚdarás an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Tá socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go leanfar leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh, rud a tháinig in éifeacht an 25 Bealtaine 2018. Déanann Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis, ar cuireadh oiliúint chuí air, na socruithe sin a bhainistiú, agus tuairiscíonn an tOifigeach sin go díreach don Phríomhfheidhmeannach. Cuireadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar an eolas faoi Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis.

Tá Beartas Cosanta Sonraí i bhfeidhm ag an Údarás. Áirítear leis sraith treoirlínte don fhoireann atá bunaithe ar na hocht Riail Cosanta Sonraí chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an tÚdarás RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Sa bhliain 2022, fuair an tÚdarás dhá Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Tuairiscíodh dhá shárú sonraí don Choimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2022. Tuairiscíodh sárú féideartha amháin freisin, a fuarthas amach ina dhiaidh sin nach raibh

sé ina shárú.

**Saoráil Faisnéise**

Soláthraíonn an tÚdarás faisnéis chuimsitheach ar a shuíomh Gréasáin i ndáil le comhlíonadh na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise. Áirítear leis sin scéim foilsithe lena soláthraítear faisnéis faoi fheidhmeanna an Údaráis agus faoin ábhar a chuireann sé ar fáil go poiblí. Sa bhliain 2022, fuair an tÚdarás naoi n-iarraidh Saorála Faisnéise, ar féidir na mionsonraí fúthu a fháil ar an taifead nochta ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

**Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014**

Shainaithin an tÚdarás 'Cearta an Duine' mar cheann amháin de na luachanna atá aige faoin Ráiteas Straitéise reatha uaidh don tréimhse 2022 – 2024. Tá sé tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a chuid beartas agus nósanna imeachta chun comhlíonadh phrionsabail chearta an duine a choinneáil ar bun, agus go sonrach na hoibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Leis an Acht sin, cuirtear dualgas ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine atá ag na daoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh agus cearta an duine atá ag baill foirne le linn dóibh a ngnáthobair laethúil a chur i gcrích a chosaint. Tá an dualgas sin á chur chun feidhme go gníomhach ag an Údarás faoi láthair, ar aon dul leis an treoir 'Measúnú, Aghaidh a Thabhairt Ar, agus Tuairisciú' ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Cuireann an tÚdarás béim láidir ar an gceart chun nósanna imeachta córa, ar an gceart chun príobháideachta, ar rochtain chomhionann agus ar chóir chomhionann i ngach gné dá fheidhmeanna, agus déanann sé dianiarracht a chinntiú go ndéanaimid ár ngníomhaíochtaí uile a sheoladh faoi sholas chearta an duine agus an chomhionannais. Tá ár n-oibleagáidí ina leith sin ina gcuid dhílis de na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí uile atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Oibrímid go leanúnach chun a chinntiú go ndéanfar dínit agus folláine ár bhfoirne ar fad a chosaint agus go spreagtar cultúr rannpháirtíochta agus measa, ag féachaint do na cearta agus prionsabail sin. Leanaimid de fhreastal réasúnta agus gníomhartha dearfacha a fhiosrú agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag ár bhfórsa saothair éagsúil agus ag ár ngeallsealbhóirí ar ár n-áit oibre, ar ár gcleachtais oibre agus ar ár gcumarsáidí. Coinnítear gach beartas agus cleachtas inmheánach faoi athbhreithniú chun a chinntiú go gcomhlíonfar an dea-chleachtas sna réimsí sin.

Bíonn aird ag an Údarás ar alt 42 ina sholáthar, ina thaighde agus i soláthar a sheirbhísí. Sa bhliain 2022, chuireamar measúnú cuimsitheach i gcrích ar shaincheisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhaineann lenár bhfeidhmeanna, agus chuireamar fothú acmhainneachta agus oiliúint chun feidhme do bhaill foirne. Tá Grúpa Oibre tiomnaithe um Dhualgas na hEarnála Poiblí i bhfeidhm againn freisin, rud a chuimsíonn baill foirne ó gach grád den Fhoireann Feidhmiúcháin.

Tá obair ar bun chun cur lena inrochtana atá ár gcumarsáidí agus ár suíomh Gréasáin agus chun comhlíonadh a dhéanamh ar na caighdeáin riachtanacha atá leagtha amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí), 2020.

Sa bhliain 2022, rinneamar aighneacht chuig Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir leis an bpóilíneacht, leanaí agus daoine óga agus d'fhreastalaíomar ar ghrúpa oibre réamhsheisiúin sa Ghinéiv.

Is é príomhról an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid feidhmeanna maidir le seirbhísí póilíneachta. Áirítear leis sin a chinntiú go soláthraítear seirbhísí póilíneachta de réir na gcaighdeán eitice is fearr agus ar mhodh a sheasann cearta an duine atá ag gach duine aonair. Leanfaidh an tÚdarás den phóilíneacht agus feidhmíocht an Gharda Síochána a chur díreach i gcomhthéacs an Chóid Eitice agus a oibleagáidí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus le comhionannas.

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a Chur Chun Cinn**

Tá an tÚdarás tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus aithníonn sé nach iad na méadrachtaí eacnamaíocha na méadrachtaí tábhachtacha amháin do chomhlachtaí Stáit, ach go n-áirítear leo freisin méadrachtaí cultúir, éagsúlachta agus cuimsithe mar aon le folláine na ndaoine atá á bhfostú, rud lena gcothaítear caidreamh níos fearr i measc na foirne agus na ngeallsealbhóirí agus lena gcumasaítear torthaí níos fearr a bhaint amach do shaoránaigh agus do phobail dá bharr. Is as mná agus fir a bheith ag obair agus ag rialú ar bhonn cothrom a thagann torthaí lena soláthraítear tairbhí dearfacha don Rialtas agus don tsochaí.

Cé go bhfuil sé faoin Aire Dlí agus Cirt comhaltaí an Údaráis a cheapadh, leagtar amach san Acht[12] cothromaíocht chuí inscne i ndáil leis an Údarás, áit a luaitear an méid seo a leanas: "le linn dó comhaltaí an Údaráis a cheapadh, beidh aird ag an Rialtas ar an gcuspóir arb é atá ann gur mná a bheidh i líon nach lú ná ceathrar comhaltaí agus gur fir a bheidh i líon nach lú ná ceathrar comhaltaí".

Den ochtar comhaltaí den Údarás ag an 31 Nollaig 2022, ba mhná iad ceathrar agus b'fhir iad ceathrar. Tá an fhoireann ardbhainistíochta comhdhéanta de thriúr ban agus d'fhear amháin freisin.

Leithdháileann an tÚdarás na cistí a theastaíonn chun a chinntiú go gcuirtear freastal réasúnta ar fáil do bhaill foirne faoi mhíchumas chun cur ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh san áit oibre.

Cuirtear éagsúlacht tuairimí chun cinn trí raon fairsing tuairimí a iarraidh ó chomhaltaí an Údaráis, ó chomhaltaí coistí agus ó bhaill foirne agus trí fháiltiú roimh na tuairimí sin.

Cuireann an tÚdarás comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn trína Chlár um Chaidreamh le Geallsealbhóirí, mar atá pléite thuas, trí éisteacht le raon éagsúil geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach, chun eolas a dhéanamh d'obair formhaoirseachta an Údaráis. Le linn na bliana 2022, chuir an tÚdarás béim láidir ar chaidreamh a dhéanamh le grúpaí atá ionadaíoch do phobail éagsúla, lena n-áirítear grúpaí mionlaigh agus na grúpaí sin atá imeallaithe agus nach gcloistear a dtuairimí go minic, chun measúnú a dhéanamh ar an méid cothroime agus comhionannais a fheidhmítear le linn cumhachtaí póilíní a úsáid. Rinne Comhaltaí den Údarás agus baill foirne na Foirne Feidhmiúcháin caidreamh le comhaltaí agus baill foirne den Gharda Síochána agus lena gcuid comhlachas agus ceardchumann freisin.

**An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**

Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta don Údarás Póilíneachta sa bhliain 2022.

Tá an tÚdarás Póilíneachta tiomanta do thimpeallacht a chothú ina mbraitheann gach duine a oibríonn san Údarás go bhfuil siad in ann labhairt amach. Trí labhairt amach, is féidir le hoibrithe an eagraíocht a fheabhsú agus cabhrú lena chinntiú go gcoinneofar na caighdeáin is airde ar bun. Tá an tÚdarás tiomanta dá chinntiú go n-éistfear go cúramach le haon ábhair imní a tharraingíonn baill foirne anuas chun gur

[12] Alt 62C d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.

féidir gníomhaíocht phras a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna. Tá an tÚdarás tiomanta don chlár um Ionracas ag an Obair de chuid Transparency International a chomhlíonadh.

Déantar foráil leis an Acht maidir le cosaintí áirithe dlí d'oibrithe nuair a tharraingíonn siad ábhair imní anuas maidir le héagóiritheoireacht fhéideartha san áit oibre. Leagtar amach ann cad is nochtadh cosanta ann agus na coimircí dlí atá i bhfeidhm chun oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta a chosaint. De réir an Achta, tá Beartas um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag an Údarás ina leagtar amach na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun éagóiritheoireacht a thuairisciú de réir cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Leagtar amach sa Bheartas na prionsabail atá mar bhonn agus thaca ag cultúr eiticiúil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun san eagraíocht agus na mionsonraí oibríochtúla maidir le conas a fhéadfaidh baill foirne agus comhaltaí an Údaráis nochtadh cosanta a dhéanamh. Níl an tÚdarás ina chomhlacht forordaithe faoin Acht.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

## 6. Faisnéis Airgeadais

Leagtar amach sa rannán seo faisnéis airgeadais i ndáil leis an airgead a leithdháileadh ar an Údarás agus i ndáil leis an dóigh ar caitheadh an t-airgead sin sa bhliain. Le linn dó a shainordú a chur i gcrích, faigheann an tÚdarás cistiú díreach ón Státchiste i bhfoirm leithdháileadh bliantúil Caiteachais Vótáilte.

Is é nó í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus, sa cháil sin, tá sé nó sí cuntasach don Oireachtas maidir leis na cistí go léir arna vótáil don Údarás le haghaidh seirbhísí a sholáthar.

**Caiteachas 2022**[13]

B'ionann agus €3.399 milliún an t-ollchaiteachas ó Vóta an Údaráis Póilíneachta don bhliain 2022. Áiríodh leis an tsuim sin párolla foirne ab ionann agus €2.431 milliún, a bhí freagrach as 72% den chaiteachas iomlán.

Tá ráitis airgeadais an Údaráis i bhfoirm an Chuntais Leithreasa Bhliantúil, a gcuireann an tOifigeach Cuntasaíochta é faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh. Foilseoidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Cuntas an Údaráis don bhliain 2022 i bhfoilseachán na gCuntas Leithreasa i mí Mheán Fómhair 2023.

Tá anailís ar staid an Vóta agus faisnéis ghaolmhar i leith na bliana 2022 ar fáil sa tuarascáil airgeadais achoimre suas go dtí an 31 Nollaig 2022 in Aguisín 3. Tá an tuarascáil sin faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn na bliana 2023.

**Costais Leithroinnte**

I dteannta na gcostas arna dtabhú go díreach ag an Údarás, ní mór costais arna dtabhú ag Ranna agus oifigí eile a chur san áireamh chun léargas foriomlán a thabhairt ar an gcostas a bhaineann leis an Údarás a oibriú.

Tabhaíodh na costais leithroinnte seo a leanas in áit eile thar ceann an Údaráis:

---

[13] Tá na sonraí airgeadais uile faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- €10,000 faoi Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim;
- €259,000 faoi Vóta 13 – Oifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le cíos agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh oifigí an Údaráis;
- €6,000 faoi Vóta 18 – Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i ndáil le hAcmhainní Daonna agus le Seirbhísí Comhroinnte Párolla; agus
- €58,000 faoi Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

**Táillí, Tuarastail agus Speansais**

Maidir leis an táille bhliantúil is iníoctha le Comhaltaí an Údaráis Póilíneachta don bhliain 2022, tá sí de réir an ráta arna cheadú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir na dtreoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níor íocadh táille ar bith le seirbhísigh phoiblí a bhí ag fónamh ar an Údarás.

Comhlíontar go hiomlán na treoirlínte uile ón Rialtas maidir le pá Príomhfheidhmeannach agus fostaithe Comhlachtaí Stáit. Is státseirbhísigh iad fostaithe uile an Údaráis, agus faigheann siad luach saothair de réir na scálaí tuarastail státseirbhíse atá oiriúnach dá ngrád agus dá seirbhís.

B’ionann agus €2.430 milliún an costas párolla foirne iomlán don Údarás sa bhliain 2022. Tháinig laghdú ar líon foirne an Údaráis ó 38 mball foirne i mí Eanáir 2022 go 37 mball foirne san iomlán ag an 31 Nollaig 2022.

Taispeántar sa tábla seo a leanas an líon fostaithe ar tháinig na sochair iomlána fostaíochta (lena n-áirítear ÁSPC Fostóra ach gan costais phinsin fostóra a áireamh) a íocadh leo sa bhliain 2022 faoi gach ceann de na bandaí pá seo a leanas:

| Banda Pá | An Líon Fostaithe |
|---|---|
| €60,000 - €70,000 | 4 |
| €70,000 - €80,000 | 2 |
| €80,000 - €90,000 | 4 |
| €90,000 - €100,000 | 2 |
| €100,000 - €110,000 | 2 |
| €110,000 - €120,000 | 1 |
| €120,000 - €130,000 | 1 |
| €130,000 - €140,000 | - |
| €140,000 - €150,000 | - |
| €150,000 - €160,000 | - |
| €160,000 - €170,000 | - |
| €170,000 - €180,000 | 1 |

B’ionann agus €539,332 an cúiteamh comhiomlán a fuair foireann ardbhainistíochta an Údaráis sa bhliain 2022, agus é comhdhéanta de thuarastail agus ÁSPC Fostóra. Ina theannta sin, íocadh speansais iomlána ab fhiú €6,428 i ndáil le taisteal don fhoireann ardbhainistíochta le linn dualgais oifigiúla a chomhlíonadh.

Íoctar speansais taistil le Comhaltaí agus baill foirne an Údaráis de réir mar is cuí agus de réir Bheartas Taistil an Údaráis. B’ionann agus €0 an caiteachas iomlán i ndáil le fáilteachas agus bronntanais sa bhliain 2022.

**Caiteachas Comhairleoireachta**

Bhain caiteachas iomlán ab ionann agus €56,137 sa bhliain 2022 le comhairleoireacht sheachtrach agus le táillí comhairleora, atá aicmithe mar a leanas:

- Dlí €55,104
- Comhairleach €1,033

**Cánachas**

Chomhlíon an tÚdarás na hoibleagáidí a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2022.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Tá sé mar bheartas ag an Údarás Póilíneachta téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go n-íocfar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugtar leo ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, nach mbeidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta ann.

Sa bhliain 2022, tabhaíodh pionóis íocaíochta déanaí maidir le trí shonrasc. B'ionann agus €187.96 (atá comhdhéanta de €7.96 in ús agus €180.00 i gcúiteamh) suim iomlán na bpionós a íocadh le linn na bliana 2022 mar thoradh ar íocaíochtaí déanacha. Is ionann an tsuim sin agus 3.57% de luach iomlán na sonrasc a íocadh go déanach, arbh ionann é agus €5,266.63.

## Aguisín 1 – Stádas na dTosaíochtaí Corparáideacha don bhliain 2022 ag an 31 Nollaig 2022

Leagtar amach san aguisín seo an dul chun cinn a rinneadh in aghaidh ár dtosaíochtaí straitéiseacha don bhliain 2022. Is iad sin na tosaíochtaí a sainaithníodh don bhliain 2022 agus trína mbogfaidh an tÚdarás i dtreo na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2022-24 uaidh a bhaint amach. I gcás roinnt de na tosaíochtaí, tá sé mar aidhm iad a bhaint amach laistigh de bhliain amháin. I gcás tosaíochtaí eile, leanfar le hiad a shaothrú ar fud thrí bliana an Ráitis Straitéise.

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 1 | Creat inniúlachta nua a fhorbairt agus a sholáthar do cheapacháin an Gharda Síochána chuig céimeanna Ceannfoirt, Ard-Cheannfoirt agus Leas-Choimisinéara | Ar Siúl - ilbhlianta | Dámhadh an conradh don obair sin don Chomhpháirtíocht Feidhmíochta, agus tionóladh an chéad chruinniú de chuid an ghrúpa stiúrtha an 18 Eanáir 2023. Tá sé beartaithe go gcuirfear an tionscadal i gcrích i ráithe 4 den bhliain 2023. |
| 2 | Féachadh ar Léirithe Míshásaimh leis an nGarda Síochána chun scrúdú a dhéanamh ar leibhéal, cineál agus raon geografach na 'ngearán' a dhéantar faoin tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána agus faoi chineál agus leordhóthanacht na freagartha uaidh agus chun an méid sin a thuiscint agus tuilleadh trédhearcachta a thabhairt dó. Mar chuid den obair sin, oibreoimid le faisnéis ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus ón nGarda Síochána. | Ar Siúl - ilbhlianta | Tionóladh cruinnithe breise le geallsealbhóirí ábhartha (an tOmbudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann, an Coimisinéir Cúnta um Rialachas agus Cuntasacht, an Creat Feidhmíochta, Cuntasachta agus Foghlama); rinneadh measúnú agus athbhreithniú ar an ábhar a fuarthas i leith na n-iarrataí ábhartha chuig Clár Gníomhartha an Gharda Síochána; rinneadh iarrataí breise ar ábhar; agus tá an dréacht oibre den pháipéar á thabhairt cothrom le dáta go seasta agus tá sé á ullmhú anois do chruinniú an Údaráis i mí Feabhra 2023. |
| 3 | Tionscnamh formhaoirseachta a sheoladh ar an bPóilíneacht Cheilte Neamhshlándála. Rinneadh dhá ghníomh thábhachtacha: (i) rinneadh caidreamh ar leibhéal an Chathaoirligh/an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leis na breithiúna a dhéanann formhaoirseacht ar an dóigh a n-úsáideann an Garda Síochána teicnící ceilte; agus (ii) ceapadh téarmaí tagartha agus fostaíodh Abhcóide Sinsearach chun scrúdú a dhéanamh ar roinnt cáschomhad de chuid an Gharda Síochána inar úsáideadh teicnící ceilte. Tabharfaidh an tAbhcóide Sinsearach tuairisc don Údarás agus do Choimisinéir an Gharda Síochána ar an measúnú uaithi ar a mhéid a chomhlíonann an Garda Síochána | Amuigh | Scríobh an tÚdarás chuig an gCoimisinéir ar an ní seo dhá uair agus phléigh an Cathaoirleach an ní seo leis an gCoimisinéir roinnt uaireanta. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
| --- | --- | --- | --- |
| | ceanglais reachtúla agus bheartais maidir le teicnící neamhcheilte a úsáid agus ar a mhéid a chomhlíonann sé oibleagáidí chearta an duine. Is féidir go dtabharfaidh sí tuairisc freisin ar an méid comhleanúnachais atá ann laistigh den Gharda Síochána i gcoitinne i ndáil le faisnéis a chomhroinnt. | | |
| 4 | An tÚdarás Póilíneachta a aistriú ina Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail<br>Aighneachtaí a dhéanamh agus feasacht a mhúscailt ar na príomh-shaincheisteanna de réir mar a chuirtear an reachtaíocht ar aghaidh trí gach céim<br>Caidreamh gníomhach a dhéanamh le grúpaí stiúrtha na Roinne maidir le gach gné thábhachtach den reachtaíocht<br>An riocht atá le cur orainn agus an riocht atá orainn faoi láthair a léarscáiliú agus sainaithint a dhéanamh ar na bearnaí atá le líonadh agus na sruthanna oibre atá le cur i gcrích chun an eagraíocht a ullmhú chun a bheith ina hÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail | Ar Siúl - ilbhlianta | Lean Grúpa Tionscadail an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail le teacht le chéile, agus bhí cruinnithe leanúnacha ar leith ag an Údarás le Cigireacht an Gharda Síochána. Tá sé beartaithe ag an bhFoireann Feidhmiúcháin caidreamh a dhéanamh lasmuigh den fhoireann tionscadail go luath sa bhliain 2023 ar mhaithe le ceangail a fhorbairt idir an dá eagraíocht. Foilsíodh an iarraidh ar thairiscintí, agus í le dúnadh an 30 Eanáir 2023. Tá an Roinn Dlí agus Cirt ag obair ar fhógraíocht do chomhaltaí de Bhord an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, agus thug an fhoireann tionscadail ionchur maidir leis na sonraíochtaí. |
| 5 | A chinntiú go soláthróidh an cur chuige nua i leith Feidhmíocht an Gharda Síochána a Thuairisciú ar an méid a theastaíonn ón Údarás Póilíneachta chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh de réir ardchaighdeáin agus scrúdú a dhéanamh ar cé acu is gá nó nach gá don Údarás Póilíneachta gnéithe dár modhanna oibre a oiriúnú chun an chuid is fearr a bhaint as an gcur chuige nua sin agus ar conas is féidir leis aon ghnéithe a oiriúnú. | Curtha i gcrích | Comhaontaíodh formáid agus creat ama nua le haghaidh tuairisciú, agus bíonn tuairiscí á mbreithniú ar bhonn ráithiúil, mar a comhaontaíodh.  Ar aon dul leis na socruithe nua, oiriúnaíodh an dóigh a dtugann an Fhoireann Feidhmiúcháin tuairisc don Choiste agus don Údarás. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 6 | Caidreamh a dhéanamh leis an bPobal maidir le formhaoirseacht – Éisteacht leis na tuairimí atá ag pobal geografach sonrach ar an tseirbhís póilíneachta a sholáthraíonn an Garda Síochána dó agus cabhrú leis an bpobal agus leis an nGarda Síochána na saincheisteanna sin a shainaithint, a thuiscint agus a chur ar aghaidh i gcomhar lena chéile. Mar chuid den obair sin, roghnóidh an tÚdarás Póilíneachta láthair inar féidir linn breithniú a dhéanamh ar chuid mhór gnéithe den phóilíneacht, e.g., drugaí, éagsúlacht, sábháilteacht pobail. Déanfaimid caidreamh le heagraíochtaí agus grúpaí sa phobal, leis an gComhchoiste Póilíneachta áitiúil agus leis na Gardaí a fhreastalaíonn ar an limistéar thar Zoom agus i bpearsa chun caidrimh a fhorbairt agus chun tuairimí a bhailiú ar an eispéireas leis an bpóilíneacht sa limistéar lena mbaineann. Beidh an caidreamh sin bunaithe ar obair a dhéanfar roimh ré chun féachaint ar staitisticí coireachta agus ar shaincheisteanna eile a bhaineann leis an bpóilíneacht sa limistéar lena mbaineann. Is é an toradh a bheidh ar an tionscadal ná measúnú scríofa ar fheidhmíocht póilíneachta atá bunaithe ar eispéireas an phobail lena mbaineann, ar measúnú é is féidir a phlé ag imeacht comhrá phoiblí agus/nó ag cruinniú a thionólfaidh an tÚdarás sa phobal. | Curtha i gcrích | I mí Dheireadh Fómhair 2022, tugadh cuairt fillidh ar phobail i gCorcaigh a ndearnadh caidreamh leo i mí Mheán Fómhair 2021. Ba i Muineachán a tionóladh cruinniú an Údaráis i mí na Bealtaine agus ba i bPort Laoise a tionóladh cruinniú an Údaráis i mí na Samhna. Rinneadh caidreamh leis an bpobal áitiúil agus le Gardaí áitiúla le linn an dá cheann díobh. Mar thoradh ar na cruinnithe sin, thángthas ar shamhail le haghaidh cruinnithe poiblí a thionól i bpobail ar leith. Tá an tsamhail sin á húsáid mar bhunús don chur chuige i leith cruinnithe i nDroichead Átha, i Maigh Eo, i mBaile Átha Cliath agus i bPort Láirge sa bhliain 2023. |
| 7 | Cuntasacht Áitiúil Póilíneachta – Tabharfar treoirlínte athbhreithnithe le haghaidh Comhchoistí Póilíneachta isteach. I gcomhthreo leis an obair sin, soláthrófar oiliúint ar na treoirlínte sin a úsáid agus forbrófar ár leathanach Gréasáin maidir le Comhchoistí Póilíneachta ina acmhainn trínar féidir le Comhchoistí Póilíneachta faisnéis agus dea-chleachtas a chomhroinnt. Chomh maith leis sin, déanfar caidreamh leis na trí Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail chun faireachán a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn na | Ar Siúl - ilbhlianta | Tionóladh cruinniú bliantúil na gCathaoirleach agus na bPríomhfheidhmeannach i mí Mheán Fómhair. Rinneadh Treoirlínte nua le haghaidh Comhchoistí Póilíneachta a fhoilsiú, a sheoladh agus a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Foilsíodh teimpléid ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Póilíneachta chun tacú le Comhchoistí Póilíneachta a gcuid oibre a chur i gcrích. Tosaíodh ar chaidreamh a dhéanamh le Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail amháin a bhí fós amuigh. D’fhreastail an Fhoireann Feidhmiúcháin ar roinnt cruinnithe de chuid na gComhchoistí Póilíneachta le linn na bliana freisin. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| | struchtúir nua sin ag obair chun bonn eolais a chur faoinár n-ionchur maidir leis an meastóireacht a dhéanfar orthu, faoinár n-imeacht bliantúil do Chomhchoistí Póilíneachta agus faoinár gcuairteanna ar Chomhchoistí Póilíneachta. | | |
| 8 | Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé Suirbhé Náisiúnta a dhéanamh ar an Údarás Póilíneachta agus ullmhú don suirbhé sin | Ar Siúl - ilbhlianta | Soláthraíodh páipéar don Údarás don chruinniú i mí na Nollag 2022 agus, tar éis freagairt dhearfach a fháil, rinneadh dul chun cinn breise. Sceidealaíodh seisiún eile ransú smaointe, tosaíodh ar thaighde margaidh a dhéanamh chun teacht ar sholáthraí seachtrach, agus tháinig an fhoireann tionscadail le chéile agus tá an obair á cur ar aghaidh aici faoi láthair. |
| 9 | Tuiscint a ghnóthú agus measúnú a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn an Garda Síochána ag rialú na Moltaí a d'eascair as tuarascálacha tríú páirtí agus as athbhreithnithe inmheánacha. | Amuigh | Fuarthas mionsonraí ardleibhéil ar chur chun feidhme tuarascálacha i leith na dtuarascálacha a iarradh. Tá cruinniú leis an Leas-Choimisinéir Coxon le heagrú do ráithe 1 den bhliain 2023 chun tuilleadh tuairiscithe a phlé. |
| 10 | Aistriú chuig Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | Curtha i gcrích | Cuireadh an t-aistriú i gcrích. Scrúdaíodh na ceachtanna a foghlaimíodh ón bpróiseas. |
| 11 | **Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí**<br>Píosa cáilíochtúil taighde a sheoladh i gcomhar le coistí ilghníomhaireachta<br>Téarmaí tagartha a leagan síos le haghaidh comhscrúdú ó TUSLA agus ón nGarda Síochána ar an dóigh a rialaítear fógraí, agus an comhscrúdú sin a leanúint<br>Caidreamh a dhéanamh le Gardaí in Aonaid na Roinne do Sheirbhísí Cosanta agus le geallsealbhóirí ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar an tseirbhís a sholáthraítear d'íospartaigh<br>Tuairisc a thabhairt don Údarás agus don Aire | Ar Siúl - ilbhlianta | Ullmhaíodh páipéir ina n-achoimrítear an ghníomhaíocht formhaoirseachta a rinneadh sa réimse seo le linn na bliana 2022 do chruinnithe an Choiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta agus an Údaráis leis an nGarda Síochána i mí na Nollag. Seoladh litir chuig an Aire, rud inar leagadh amach na torthaí a bhí ar bhreithniú an Údaráis. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 12 | **<u>DNA</u>**<br>Gníomh leantach a dhéanamh i leith na tuarascála deiridh agus i leith chur chun feidhme na moltaí | Curtha i gcrích | Fuarthas an freagra maidir le samplaí DNA i mí na Nollag. Tá páipéar á ullmhú do chruinniú an Údaráis i mí Eanáir. |
| 13 | **<u>Athstiúradh Óige</u>**<br>féach ró 19 | | |
| 14 | **<u>Dúnbhású</u>**<br>Scrúdú a dhéanamh ar a mhéid:<br>• A chuirtear moltaí chun feidhme<br>• A leabaítear moltaí sa chleachtas imscrúdaitheach<br>• A chomhlíonann an cleachtas imscrúdaitheach oibleagáidí Airteagal 2<br>• A thuigtear an t-aicmiú ar bhás agus a ghabhtar de láimh é | Ar Siúl - ilbhlianta | Rinneadh measúnú agus athbhreithniú ar an ábhar a fuarthas i leith na n-iarrataí ábhartha chuig Clár Gníomhartha an Gharda Síochána; rinneadh iarraidh bhreise ar ábhar; tá ceisteanna á bhforbairt don chruinniú i mí Eanáir agus tá páipéar á ullmhú don chruinniú i mí Feabhra. |
| 15 | **<u>Póilíneacht ar Bhóithre</u>** –<br>An Straitéis Oiliúna Tiománaithe agus a cur chun feidhme | Curtha i gcrích | Coinníodh Póilíneacht ar Bhóithre faoi athbhreithniú gníomhach le linn na bliana.  Táimid ag déanamh faireacháin i bhfianaise na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-30. Táimid ag feitheamh cóip den straitéis oiliúna tiománaithe go fóill. |
| 16 | **<u>Coireacht Eagraithe</u>**<br>Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fhreagairt an Gharda Síochána don choireacht eagraithe | Ar Siúl - ilbhlianta | Bhí imeaglú a bhaineann le drugaí ar cheann amháin de na príomhthopaicí ag an imeacht do Chomhchoistí Póilíneachta. Agus caidreamh á dhéanamh leis an bpobal, díríodh go láidir ar thionchar na coireachta eagraithe a thuiscint, go háirithe an tionchar a imríonn coireacht a bhaineann le drugaí ar phobail. |
| 17 | **<u>Sparánacht Taighde 2022/23</u>**<br>An Sparánacht a dhearadh, a oscailt agus a reáchtáil | Ar Siúl - ilbhlianta | Thángthas ar chomhaontú leis an nGarda Síochána chun comhchistiú €50,000 a sholáthar chun roinnt tionscadal a chistiú ar bhonn céimnithe. Tá Meabhrán Tuisceana á ullmhú faoi láthair do thionscadal tosaigh um póilíneacht atá athléimneach in aghaidh tráma, agus tionscadail eile le seoladh ina dhiaidh sin. Tá sé mar aidhm againn an Sparánacht a fhógairt faoi dheireadh ráithe 1 den bhliain 2023. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 18 | **<u>Athstiúradh Óige agus Bainistíocht Ciontóirí</u>** – Athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomh an Gharda Síochána ar na struchtúir éagsúla bhainistíochta ciontóirí agus ar na hathruithe rialachais a rinneadh<br>Measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh chun na moltaí a chur chun feidhme | Amuigh | Rinneadh caidreamh leis an nGarda Síochána maidir le póilíniú leanaí roinnt uaireanta, lenar áiríodh maidir le húsáid agus éifeachtacht an athstiúrtha agus maidir leis an dul chun cinn a rinneadh ar chur chun feidhme na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú ar athstiúradh óige. Leanfar ar aghaidh le hobair sa réimse seo sa bhliain 2023. |
| 19 | **<u>Ord Poiblí</u>**<br>Measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh ar mholtaí a chur chun feidhme | Curtha i gcrích | I gcás roinnt moltaí suntasacha atá sa tuarascáil ón gCigireacht, tá a gcur chun feidhme ag brath ar bheartas nua um ord poiblí a chomhaontú. Tuigimid go bhfuil an beartas sin i ndréachtfhoirm go fóill. |
| 20 | **<u>Moltaí sa Tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána maidir le Coimeád</u>** – Caidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána agus le Cigireacht an Gharda Síochána ar na fionnachtana agus ar an gcur chuige beartaithe i leith cur chun feidhme.<br>Na deiseanna atá ann obair i gcomhar leis an gCigireacht a bhreithniú, agus aird á tabhairt ar an aistriú | Ar Siúl - ilbhlianta | Breithníodh na deiseanna atá ann ag cruinniú an Údaráis i mí na Samhna. Cuireadh dréacht den phlean cur chun feidhme faoi bhráid na Roinne lena athbhreithniú. Is dóigh go bhfoilseoidh an Roinn an plean ag deireadh ráithe 1 nó le linn ráithe 2 den bhliain 2023. |
| 21 | Formhaoirseacht a dhéanamh ar na Tosaíochtaí Póilíneachta, ar Straitéis an Gharda Síochána agus ar an bPlean Póilíneachta | Ar Siúl - ilbhlianta | Foilsíodh dhá mheasúnú. Tá tuairisciú ráithiúil i bhfeidhm anois, agus soláthraítear Measúnú Feidhmiúcháin ar fheidhmíocht don Údarás gach mí. Ceadaíodh Plean Póilíneachta 2023. |
| 22 | Measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanaí atá acmhainní an Gharda Síochána | Curtha i gcrích | Comhlíonadh an fheidhm reachtúil. Cuireadh litir faoi bhráid an Aire. Pléadh an ní seo ag roinnt cruinnithe de chuid an Údaráis. Leanann an Fhoireann Feidhmiúcháin le freastal ar an gComhghrúpa Oibre um Acmhainní i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an nGarda Síochána. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 23 | Ceapacháin – Próisis roghnúcháin a sheoladh le haghaidh ceapacháin chuig céimeanna Leas-Choimisinéara, Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt | Curtha i gcrích | Tá gach ceann de na trí chomórtas curtha i gcrích agus tá painéil ar bun anois. Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar chomórtais freisin. Rinneadh ullmhúcháin le linn na bliana 2022 chun comórtas Ard-Cheannfoirt a reáchtáil go luath sa bhliain 2023. |
| 24 | Acmhainní an Gharda Síochána a cheadú agus a cheapadh – pleanáil fórsa saothair, anailís ar chásanna gnó, agus ceapacháin mhíosúla | Ar Siúl - ilbhlianta | Fuarthas plean fórsa saothair agus tabharfar cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil é. Cheadaigh an Fhoireann Feidhmiúcháin formhór na gcásanna gnó tosaíochta, agus líon beag á mbreithniú faoi láthair. Tá an Garda Síochána ag iarraidh plé a dhéanamh ar an rogha atá ann ceadú tarmligthe a fháil do phoist áirithe. |
| 25 | Athbhreithniú Éifeachtachta ar an gCód Eitice | Amuigh | Rinneadh iarraidh bhreise tar éis athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an ábhar a fuarthas i leith iarraidh chuig Clár Gníomhartha an Gharda Síochána ag cruinniú de chuid an Choiste um Fhorbairt Eagraíochta. Ní bhfuarthas aon ábhar ina leith go fóill. |
| 26 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na Tosaíochtaí Póilíneachta don bhliain 2023 agus ar Phlean Póilíneachta 2023 | Curtha i gcrích | Athbhreithníodh na Tosaíochtaí Póilíneachta agus ceadaíodh Plean Póilíneachta 2023. |
| 27 | An eagraíocht a bhainistiú ó thaobh airgeadais de | Curtha i gcrích | Cuireadh gach feidhm airgeadais i gcrích i gcomhréir le ceanglais reachtúla. |
| 28 | Iniúchadh - Inmheánach | Curtha i gcrích | Cuireadh iniúchadh ar an gCód Cleachtais agus iniúchadh Sláinte agus Sábháilteachta i gcrích agus leagadh na fionnachtana faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Údaráis. Tá na moltaí a d'eascair as an iniúchadh Sláinte agus Sábháilteachta á gcur chun feidhme faoi láthair. Tá an t-iniúchadh ar cheapacháin i ndréachtfhoirm dheiridh agus tá fionnachtana an iniúchta le leagan faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 2 Feabhra. Tá siad le leagan faoi bhráid an Údaráis ansin an 23 Feabhra. |
| 29 | Iniúchadh - Seachtrach | Curtha i gcrích | Cuireadh an t-iniúchadh seachtrach i gcrích agus níor tháinig aon saincheisteanna chun cinn lena linn |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 30 | Cloí leis an gCód Cleachtais agus le gach oibleagáid reachtúil rialachais agus tuairisc á tabhairt don Roinn | Curtha i gcrích | Tionóladh cruinniú rialachais an 20 Deireadh Fómhair. Tá Comhaontú Formhaoirseachta agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta don bhliain 2023 i ndréachtfhoirm dheiridh. |
| 31 | Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird agus na gCoistí | Curtha i gcrích | Tionóladh cruinnithe le comhaltaí den Údarás chun aiseolas a fháil maidir le hionduchtú. Soláthraíodh ionduchtú do chomhaltaí nua den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus aird á tabhairt ar fhionnachtana an tsuirbhé ar an gCoiste. |
| 32 | Cloí leis na hoibleagáidí atá ar an Údarás faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí | Curtha i gcrích | Próiseáladh gach iarraidh ar rochtain ó ábhar sonraí i gcomhréir le ceanglais reachtúla. |
| 33 | Cloí leis na hoibleagáidí atá ann faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise | Curtha i gcrích | Próiseáladh gach iarraidh Saorála Faisnéise i gcomhréir le ceanglais reachtúla. |
| 34 | Bainistíocht agus tuairisciú riosca | Curtha i gcrích | Pléadh le bainistíocht agus tuairisciú riosca ag cruinnithe seachtainiúla na foirne ardbhainistíochta agus na foirne bainistíochta agus ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus tuairisc á tabhairt don Údarás gach mí. |
| 35 | Straitéis um Chumarsáid agus Caidreamh a fhorbairt agus a chur chun feidhme (lena n-áirítear inneachar ar an suíomh Gréasáin) | Curtha i gcrích | Áiríodh leis na foilseacháin i ráithe 3 Tuarascáil Penman maidir le Seoladh Ríomhchuidithe, an tuarascáil ar an siompóisiam taighde ar threoirthionscadal meabhairshláinte Luimnigh, agus an tAthbhreithniú ar an mbliain 2022. Bhí spéis mhór ag na meáin i bhfoilsiú thuarascáil Penman agus labhair an Cathaoirleach faoin tuarascáil ar an teilifís náisiúnta. Pléadh an tuarascáil meabhairshláinte go mion sna meáin náisiúnta freisin, lenar áiríodh ar an leathanach tosaigh de nuachtán náisiúnta. Chuathas i dteagmháil le pobail i gCorcaigh agus i bPort Laoise mar chuid den chaidreamh a rinneadh le geallsealbhóirí. Rinneadh caidreamh maidir le hobair an Údaráis ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí freisin. Tosaíodh obair ar chur chuige nua a cheapadh i leith Threoir Stíle an Údaráis Póilíneachta. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 36 | Straitéis Taighde Ilbhliantúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme | Ar Siúl - ilbhlianta | Rinneadh dea-dhul chun cinn ar roinnt gnéithe den phlean taighde, e.g., sparánachtaí, taighde ón gComhairle um Thaighde in Éirinn, socrúcháin Idirbhliana, agus gníomhartha líonraithe. Tá taighde éagsúlachta ar siúl anois tar éis moill dhosheachanta. Cé gur cuireadh moill mhór ar thaighde ar íospartaigh, tá dul chun cinn á dhéanamh air anois. Tá sé beartaithe taighde inmheánach ar shonraí a eisiúint i ráithe 1. Cuireadh moill ar thaighde inscne, ach tá sé ar siúl anois. |
| 37 | Caidrimh a fhorbairt trí fhreastal ar imeachtaí agus comhdhálacha agus trí idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí reachtúla agus le comhlachtaí formhaoirseachta | Ar Siúl - ilbhlianta | Lean an Fhoireann Feidhmiúcháin le freastal ar raon comhdhálacha agus seimineár agus le líonrú. Mar chuid de sin, d'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar fhóram comhchéime maidir le déagóirí ardriosca agus ar chruinniú comhchéime ar an bPrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta. |
| 38 | Comhfhreagras agus fiosruithe a bhainistiú | Curtha i gcrích | Tá ríomh-Chomhfhreagras i mbun feidhme go hiomlán anois le haghaidh fiosruithe a bhainistiú. Tá oiliúint i dtógáil glaonna á soláthar do bhaill foirne nua. Déileáladh le gach comhfhreagras go pras le linn na bliana. |
| 39 | Cruinnithe an Údaráis – clár oibre, lóistíocht, páipéir, miontuairiscí | Curtha i gcrích | |
| 40 | Coistí (an Coiste um Fhorbairt Eagraíochta agus an Coiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta) – clár oibre, lóistíocht, páipéir, miontuairiscí | Curtha i gcrích | Tionóladh cruinniú míosúil pleanála; soláthraíodh cláir oibre agus páipéir in am; socraíodh dátaí do na cruinnithe i mí Feabhra agus i mí Aibreáin 2023; agus ullmhaíodh athbhreithniú deireadh bliana agus soláthrófar é ag an gcruinniú i mí Feabhra 2023. |
| 41 | Pleanáil agus Athbhreithniú Eagraíochta | Curtha i gcrích | Déanann an Fhoireann Bhainistíochta pleanáil agus athbhreithniú ar an dul chun cinn in aghaidh an Phlean Gnó gach ceithre mhí, i gcomhthráth le cruinnithe seachtainiúla bainistíochta ag ar féidir aon mhíreanna a tharraingt anuas lena mbreithniú. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 42 | Cumarsáid Inmheánach | Curtha i gcrích | Rinneadh tuilleadh forbartha ar Inlíon an Údaráis, agus eisíodh nuachtlitreacha inmheánacha go tráthrialta. |
| 43 | Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochta, lena n-áirítear earcaíocht, forbairt, oiliúint agus cultúr. | Curtha i gcrích | Tá obair i réimse na n-acmhainní daonna fós ar siúl. Bhí méid suntasach gluaiseachta ann i measc na foirne de bharr arduithe céime agus soghluaisteachta. Cé gur fadhb ar fud na státseirbhíse is ea earcaíocht, tá poist á líonadh trí cheapacháin ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus trínár gceadúnas earcaíochta féin. Níl siad á líonadh chomh gasta céanna, áfach. Tá soláthar iomlán oifigeach cléireachais agus oifigeach feidhmiúcháin againn faoi láthair, ach is dóigh go n-athróidh an scéal sin go luath sa bhliain 2023. Tá an córas nua ama agus freastail i mbun feidhme anois. Cé nár nascadh é leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go fóill, de dheasca deacrachtaí idir an Oifig sin agus Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, táthar ag súil leis go mbeidh sé i bhfeidhm faoi dheireadh ráithe 1 den bhliain 2023. |
| 44 | Soláthar saoráidí, Leanúnachas gnó, agus Sláinte agus Sábháilteacht | Curtha i gcrích | Ba i bPort Laoise a tionóladh an cruinniú poiblí i mí na Samhna. Leanadh le gnáthsholáthar laethúil saoráidí. Cuireadh tús le hobair chun aghaidh a thabhairt ar fhionnachtana an Iniúchta Sláinte agus Sábháilteachta. |
| 45 | Seirbhísí soláthair agus formhaoirseacht ar an dóigh a mbítear ag cloí le hoibleagáidí soláthair | Curtha i gcrích | Próiseáladh an soláthar ar fad i gcomhréir le ceanglais reachtúla. |
| 46 | Oibleagáidí alt 42 | Ar Siúl - ilbhlianta | Athbhreithníodh an plean cur chun feidhme agus soláthraíodh don Phríomhfheidhmeannach é; tugadh láithreoireacht do gach ball foirne agus fuarthas aiseolas ar na spriocanna don bhliain 2023, ar aiseolas é a bhfuil an grúpa oibre ag déanamh breithniú air; rinneadh tuilleadh oibre sa bhliain 2022 i ndáil lena inrochtana atá an suíomh Gréasáin agus páipéir. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 47 | Clár Gníomhartha an Gharda Síochána | Curtha i gcrích | Tionóladh cruinniú le hOifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána i mí Dheireadh Fómhair; tionólfar an chéad chruinniú eile i mí Feabhra 2023; rinneadh caidreamh leanúnach leis an Oifig Idirchaidrimh maidir le hiarrataí chuig an gClár Gníomhartha a bhí fós amuigh; tugadh an liosta de ghníomhartha athfhillteacha cothrom le dáta; agus tá gach gné eile den obair ar siúl. |
| 48 | Leanúnachas gnó | Curtha i gcrích | Leabaíodh an obair hibrideach laistigh den eagraíocht, agus cinneadh leanúint le ceanglas a chur ar bhaill foirne teacht chuig an oifig dhá lá ar a laghad in aghaidh na seachtaine go ceann i bhfad. Cuireadh an cinneadh sin in iúl do bhaill foirne ar lá caidrimh an 16 Nollaig. Sa bhliain 2023, déanfar breithniú ar aiseolas breise a fuarthas i ndáil leis an obair hibrideach. |
| 49 | Comhairle dlí a sholáthar | Curtha i gcrích | Leantar le comhairle dlí a sholáthar in am agus de réir caighdeán an-ard. |
| 50 | Seirbhísí TFC a sholáthar | Curtha i gcrích | Tá an tionscadal aistrithe curtha i gcrích anois. Tá seirbhísí TFC an Údaráis á soláthar ag Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais. |
| 51 | Cultúr agus Caidreamh Eagraíochta | Curtha i gcrích | Tionóladh dara seisiún caidrimh i bpearsa do gach ball foirne an 16 Nollaig. Ba ar obair bhuíne a bhí an lá dírithe, agus sholáthair Irish Times Training ceardlann lena linn. Tionóladh fócasghrúpaí le gach ball foirne maidir leis an aistriú chuig Céim 3 den obair hibrideach. Cinneadh fanacht ag céim 2 don am i láthair, is é sin obair san oifig dhá lá ar a laghad in aghaidh na seachtaine. |

| Uimh. | Gníomh | Aicmiú | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail Ráithe 4 |
|---|---|---|---|
| 52 | Tionscadal Bainistíochta Taifead | Ar Siúl - ilbhlianta | Tá dea-dhul chun cinn á dhéanamh ar an tionscadal bainistíochta taifead. Cuireadh beartas nua bainistíochta taifead le chéile; tugadh struchtúr comhdúcháin an Údaráis cothrom le dáta ar aon dul leis an gcur chuige nua; rinneadh cumarsáid le baill foirne ar bhonn leanúnach; agus tá oiliúint foirne ar an gcur chuige nua le tosú go luath. |

## Aguisín 2 – Staitisticí Comórtais le haghaidh Cheapacháin Shinsearacha an Gharda Síochána, 2022

| Comórtas Roghnúcháin: Coimisinéir Cúnta, 2021 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| De réir céime | An Líon Iarratasóirí | De réir inscne | An Líon Iarratasóirí | De réir na hEagraíochta is Fostóir | An Líon Iarratasóirí |
| **Ard-Cheannfort** | 29 | **Fir** | 27 | **An Garda Síochána** | 31 |
| **Céimeanna eile** | 3 | **Mná** | 5 | **Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann** | 1 |
| **Iomlán** | **32** | **Iomlán** | **32** | **Iomlán** | **32** |
| **Comórtas Roghnúcháin: Ard-Cheannfort, 2021** | | | | | |
| De réir céime | An Líon Iarratasóirí | De réir inscne | An Líon Iarratasóirí | De réir na hEagraíochta is Fostóir | An Líon Iarratasóirí |
| **Ceannfort** | 87 | **Fir** | 79 | **An Garda Síochána** | 89 |
| **Céimeanna eile** | 4 | **Mná** | 12 | **Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann** | 2 |
| **Iomlán** | **91** | **Iomlán** | **91** | **Iomlán** | **91** |
| **Comórtas Roghnúcháin: Ceannfort, 2021** | | | | | |
| De réir céime | An Líon Iarratasóirí | De réir inscne | An Líon Iarratasóirí | De réir na hEagraíochta is Fostóir | An Líon Iarratasóirí |
| **Cigire** | 125 | **Fir** | 97 | **An Garda Síochána** | 125 |
| **Céimeanna eile** | 0 | **Mná** | 28 | **Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann** | 0 |
| **Iomlán** | **125** | **Iomlán** | **125** | **Iomlán** | **125** |

| Painéil a bunaíodh agus Ceapacháin, 2021 |
|---|

| Céim | An líon iarrthóirí ar an bpainéal | An líon iarrthóirí a ceapadh (ag an 31/12/21) | Dáta Éaga an Phainéil |
|---|---|---|---|
| **Coimisinéir Cúnta** | **8** | 5 | 17 Bealtaine 2023 |
| **Ard-Cheannfort** | **12** | 10 | 27 Iúil 2023 |
| **Ceannfort** | **55** | 10 | 27 Iúil 2023 |

# Aguisín 3 – Tuarascáil Airgeadais Achoimre 2022

| Cuirtear i láthair sa tábla thíos achoimre ar an gcaiteachas sa bhliain 2022[14] ar Vóta an Údaráis.<br>**Achoimre Airgeadais le haghaidh Vóta an Údaráis Póilíneachta 2022** | | |
|---|---|---|
| **Fo-mhírcheann** | **Soláthar Meastacháin** | **Caiteachas** |
| | **€000** | **€000** |
| **A (i) Tuarastail, Pá agus Liúntais** | | |
| Tuarastail, etc. | 2,446 | 2,430 |
| Ragobair | - | - |
| **Iomlán A (i)** | **2,446** | **2,430** |
| | | |
| **A (ii) Taisteal agus Cothú** | | |
| 1. Taisteal agus Cothú | 58 | 20 |
| 2. Íocaíocht Frithháirithe Astaíochtaí Aerthaistil | 2 | - |
| **Iomlán A (ii)** | **60** | **20** |
| | | |
| **A (iii) Oiliúint agus Forbairt agus Speansais Theagmhasacha** | | |
| 1. Oiliúint agus Forbairt Foirne | 60 | 53 |
| 2. Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht | 65 | 1 |
| 3. Cruinnithe Poiblí | 40 | 30 |
| 4. Foilseacháin, Tuarascálacha, Tréimhseacháin, etc. | 20 | 25 |
| 5. Siamsaíocht | 10 | 17 |
| 6. Ilghnéitheach | 615 | 263 |
| 7. Táillí agus Speansais Comhaltaí | 215 | 232 |
| **Iomlán A (iii)** | **1,025** | **621** |
| | | |
| **A (iv) Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide** | | |
| Seirbhísí Poist | 5 | - |
| Teileachumarsáid | 20 | 10 |
| **Iomlán A (iv)** | **25** | **10** |
| | | |
| **A (v) Trealamh Oifige agus Seirbhísí TF Seachtracha** | | |
| 1. Ríomhaire, etc. (Reatha) | 150 | 148 |
| 2. Innealra Oifige agus Stáiseanóireacht | 25 | 6 |
| **Iomlán A (v)** | **175** | **154** |
| | | |
| **A (vi) Costais Áitribh Oifige** | | |
| 1. Cothabháil | 40 | 84 |
| 2. Teas, Solas agus Breosla | 35 | 16 |
| 3. Troscán agus Feistis | 40 | 63 |
| **Iomlán A (vi)** | **115** | **163** |
| | | |
| **A (vii) Seirbhísí Comhairleoireachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead** | **80** | **1** |
| **agus ar Pholasaithe** | **3,926** | **3,399** |
| **Caiteachas Iomlán** | | |
| ***lúide*** | | |
| **B. Leithreasaí-i-gCabhair** | 70 | 71 |
| Tobhach Pinsin | - | 1 |
| Fáltais Ilghnéitheacha | **70** | **72** |
| **Iomlán na Leithreasaí-i-gCabhair** | | |
| | **3,856** | **3,327** |

[14] Faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

| | | |
|---|---|---|
| **Glanchaiteachas** | | |

## Aguisín 4 – Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach

Admhaím freagracht an Údaráis as an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Ní féidir lena leithéid de chóras rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú substaintiúil, a thabhairt in aghaidh earráid ábhartha. Le linn dó éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a bhreithniú, bíonn aird ag an Údarás ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, i measc nithe eile, agus tá dianiarracht á déanamh aige ó uair a bhunaithe i leith ceanglais an Chóid a chomhlíonadh a mhéid is cuí do ghníomhaireacht bheag neamhspleách neamhthráchtála, agus leanadh leis an obair sin le linn na bliana 2022.

Maidir leis na nósanna imeachta a cuireadh chun feidhme, agus iad deartha chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, cuireadh in oiriúint iad chun méid agus castacht na heagraíochta agus cineál athraitheach an Údaráis a léiriú. Sa chomhthéacs sin, tugaim faoi deara gur bhain cion mór de chaiteachas an Údaráis sa bhliain 2022 le costais phá ar riar an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte iad agus, dá bhrí sin, tá siad faoi réir na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear iniúchóireacht inmheánach, atá i bhfeidhm san eagraíocht sin. Déanann Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais seirbhísí eile acmhainní daonna, TFC agus próiseála idirbheart airgeadais a ghabháil de láimh thar ceann an Údaráis.

Rinne an tÚdarás roinnt beart chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Deighilt shoiléir a chur ar bhonn foirmiúil idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis agus na Foirne Feidhmiúcháin;
- Ceanglais tuairiscithe thráthrialta a shocrú maidir le nithe airgeadais, riosca agus rialachais;
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chur ar bun;
- Cód Iompair a bhunú agus a fhoilsiú do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis;
- A chinntiú go bhfuil baill foirne oilte go cuí agus go bhfuil an taithí chuí acu; agus
- Féachaint le cultúr láidir agus luachanna láidre lena spreagtar ardchaighdeáin iompraíochta eiticiúla ar fud na heagraíochta a bhunú.

Le linn na bliana 2022, bhí aird leanúnach ag an Údarás ar oibriú a chórais bainistíochta riosca chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun impleachtaí na rioscaí sin a mheas. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca formhaoirseacht ar oibriú an chórais Bainistíochta Riosca. Buanmhír ar an gclár oibre ag cruinnithe míosúla an Údaráis is ea riosca, ar lena linn a dhéantar an tuarascáil Bainistíochta Riosca a athbhreithniú, a dhéantar faireachán ar ardrioscaí agus ar ghníomhartha maolaithe agus a thugtar aghaidh ar riosca i gcomhthéacs na gcinntí suntasacha uile ón Údarás.

Bhí filleadh céimnithe ann ar an obair san oifig ar bhonn hibrideach agus tosaíodh ar chuairteanna láithreáin a thabhairt an athuair sa bhliain 2022. Tá aird ghéar tugtha ar bhonn

leanúnach ag an bhFoireann Ardbhainistíochta, ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ag Iniúchóirí Inmheánacha agus ag an Údarás ar an tionchar atá aige sin ar oibríochtaí an Údaráis i gcoitinne agus ar an timpeallacht rialaithe ina n-oibríonn an tÚdarás. Ba iad na rioscaí suntasacha a sainaithníodh ná na cinn sin a bhain le leanúnachas gnó, le spásanna oifige a athoiriúnú le haghaidh úsáid hibrideach, le TF agus le sláinte agus sábháilteacht, ar mar fhreagairt dóibh a rinne an tÚdarás gníomhartha láithreacha leanúnacha maidir leis an staid a bhí ag teacht chun cinn. Áiríodh iad seo a leanas leis na gníomhartha sin:

- An oifig a bhunathrú ina spás oibre hibrideach ina bhfuil seomraí cruinnithe agus saoráidí sealaíocht deisce;
- Aistriú ó líonra TF na Roinne Dlí agus Cirt chuig Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais;
- Leanúint le leas a bhaint as an gcumas chun freastal go cianda ar chruinnithe ar mhaithe le baill foirne a chosaint;
- Treoirlínte/meabhrúcháin a thabhairt go tráthrialta don fhoireann ar fad maidir le conas obair a dhéanamh ón mbaile go sábháilte agus go héifeachtach, agus aird chuí á tabhairt ar chosaint sonraí agus ar rialuithe inmheánacha cuí;
- Leanúint le haon trealamh riachtanach a sholáthar chun obair shábháilte éifeachtach ón mbaile a éascú;
- Beartas um chumarsáid dhíreach mhinic idir bainisteoirí agus baill foirne le linn dóibh a bheith ag obair ón mbaile a chur chun feidhme;
- Cur chuige dírithe leanúnach maidir le caidreamh agus folláine foirne.

Áirítear iad seo a leanas leis na nósanna imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha:

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**
Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile cúig huaire sa bhliain 2022. Tíolacadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste don Údarás agus tá sí ar fáil le léamh ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Is deimhin liom gur chomhall an Coiste a ról go cuí le linn na bliana.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an tÚdarás athbhreithniú ar an Ráiteas sin chun a chinntiú go dtugtar léiriú cruinn ann ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, a ndearna an soláthraí Iniúchta Inmheánaigh é i mí Feabhra 2023, mar thaca leis an measúnú sin.

**Rialuithe Airgeadais agus Bainistíochta**
Tá rialuithe airgeadais cuí i bhfeidhm agus doiciméadaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta airgeadais, leithscaradh dualgas, maoirseacht chuí, teorainneacha údarúcháin agus ceadúcháin, próisis chuntasaíochta, rialú ar shócmhainní fisiciúla agus athbhreithniú ón lucht bainistíochta.

Tá córais chuí bhuiséadta agus faireacháin ar bun, agus iad bunaithe ar thaifid airgeadais arna gcothabháil ag na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt faoi Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte. Fuarthas dearbhú ó Oifigeach Cuntasaíochta na

Roinne maidir le leordhóthanacht na gcóras sin agus na rialuithe inmheánacha gaolmhara. Tá tuilleadh córas oibríochtúil le haghaidh bainistiú faisnéise ag an Údarás i bhfeidhm nó á bhforbairt de réir gníomhaíochtaí gnó agus ceanglais ghnó.

Comhlíonann an tÚdarás na rialacha agus treoirlínte ábhartha reatha maidir le soláthar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Rinne an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i mí Feabhra 2023.

**Iniúchóireacht Inmheánach**
Bunaíodh feidhm iniúchóireachta inmheánaí don Údarás i mí Eanáir 2017 agus tá soláthraí seirbhíse seachtrach ag soláthar na feidhme sin ón uair sin i leith. Tar éis próiseas soláthair de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais, cuireadh conradh i bhfeidhm le Crowleys DFK i mí Eanáir 2021 ar feadh tréimhse trí bliana faoi Chairt Iniúchóireachta Inmheánaí. Cuireadh trí iniúchadh inmheánacha i gcrích sa bhliain 2022, mar aon le hathbhreithniú ar éifeachtacht agus ar rialú inmheánach don bhliain 2021.

Le linn athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais Iniúchóireachta Inmheánaí, leagadh spleáchas ar na nithe seo a leanas:

- An phleanáil agus obair iniúchóireachta rioscabhunaithe Iniúchóireachta Inmheánaí a gabhadh de láimh sa bhliain 2022, agus tuarascálacha gaolmhara iniúchóireachta inmheánaí, go háirithe an t-athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha a gabhadh de láimh i mí Feabhra.
- Tuarascálacha agus athbhreithnithe ón lucht bainistíochta, lena n-áirítear maidir leis an dul chun cinn ar mholtaí ó iniúchtaí, tosaíochtaí corparáideacha agus gníomhartha de chuid an Údaráis a chur chun feidhme;
- Clár Rioscaí an Údaráis;
- An obair a ghabh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de láimh;
- An tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar a iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa; agus
- Dearbhuithe ó eagraíochtaí seachtracha ar seachfhoinsíodh feidhmeanna chucu, lena n-áirítear:
    - Ón Ard-Rúnaí, an Roinn Dlí agus Cirt, i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
    - Ó thuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt ar Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
    - Ó Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais i ndáil le TFC; agus
    - Ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le soláthar acmhainní daonna agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla.

Athbhreithníonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an córas rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach, mar chuid den iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa chun a dheimhniú an bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh cheanglais Mhír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

agus an bhfuil sé i gcomhréir leis an bhfaisnéis a bhfuil siad ar an eolas fúithi óna n-obair iniúchóireachta.



**Bob Collins**
**Cathaoirleach**
**31 Márta 2023**

## Aguisín 5 – Úsáid Fuinnimh 2022

Úsáid Fuinnimh a Bhainistiú

Tá an tÚdarás Póilíneachta lonnaithe ar urlár amháin d'fhoirgneamh cúig stór ag 90 Sráid an Rí Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Tháinig laghdú duine amháin ar an líon fostaithe le linn na bliana 2022, agus bhí 37 mball foirne ann ag an 31 Nollaig 2022.

Tá an tÚdarás tiomanta fós don phlean uile-Rialtais i leith laghdú carbóin. Rinneadh ionadaíocht don Údarás ag Fóram Fuinnimh na hEarnála Poiblí, 2022, agus tuigeann sé fiúntas na ndeiseanna uile atá ar fáil le bearta a shainaithint le haghaidh feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar thionscnaimh ghlasa.

Bhí na nósanna imeachta cuí uile le haghaidh úsáid fuinnimh i bhfeidhm laistigh den Údarás sa bhliain 2022, lena n-áirítear:

- Lean an tÚdarás lena chuid iarrachtaí úsáid fuinnimh a íoslaghdú, agus tá roinnt tionscnamh ar bun aige lena n-áirítear an fhoireann a spreagadh chun an staighre a úsáid a mhéid is féidir agus a chinntiú go ndéantar an trealamh leictreach cuí ar fad agus na soilse agus an teas ar fad a chur as ag am scoir gnó gach lá.
- Ainmníodh "Curadh Glas" ar leibhéal an Stiúrthóra chun freagracht a ghlacadh as feabhsuithe agus nuálaíocht a bhrú chun cinn sa réimse seo.
- Déantar ionadaíocht don Údarás ar Choiste Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta, rud ar bhunaigh an príomhthionónta é agus atá faoi chathaoirleacht ag an bpríomhthionónta. Agus é comhdhéanta d'ionadaithe do na tionóntaí uile laistigh de 90 Sráid an Rí Thuaidh, tugann an Coiste deis chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna agus smaointe a bhaineann leis an bhfoirgneamh ar fad.
- Sa bhliain 2022, d'ullmhaigh an tÚdarás dréachtleagan den chéad Phlean Gnímh don Aeráid uaidh lena thabhairt chun críche sa bhliain 2023 agus ghlac sé páirt san fheachtas 'Úsáid Níos Lú' ar reáchtáil Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Oifig na nOibreacha Poiblí é.
- D'oibrigh baill foirne go cianda trí lá in aghaidh na seachtaine le linn na bliana 2022, agus iad ag freastal ar an oifig dhá lá in aghaidh na seachtaine nó de réir mar ba ghá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghnó. Mar gheall ar an laghdú ar an líon daoine a bhí i láthair in áitreabh an Údaráis, laghdaíodh an fuinneamh a raibh gá leis. Ní úsáidtear soilse ach amháin nuair atá ball foirne i láthair san oifig agus ní úsáidtear iad ach amháin sna limistéir atá in úsáid. Toisc eile taobh thiar d'úsáid laghdaithe cumhachta san oifig ba ea laghdú leanúnach san úsáid a baineadh as printéirí, as fótachóipirí agus as ríomhairí. Tá laghdú tagtha ar an lorg carbóin mar gheall ar an méid laghdaithe taistil a bhíonn á dhéanamh ag baill foirne, nach mbíonn ag taisteal chuig an oifig agus uaithi araon chomh minic céanna.
- De bharr go bhfuil foirgneamh comhroinnte á úsáid, níl mionsonraí sonracha faoi choigiltí fuinnimh ag áitreabh an Údaráis sa bhliain 2022 ar fáil faoi láthair.
- Tá tomhaltas fuinnimh an Údaráis ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil ón Roinn Dlí agus Cirt d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

**Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta:**

**Tríd an bpost:** **An tÚdarás Póilíneachta**

**An 4ú hUrlár**

**90 Sráid an Rí Thuaidh**

**D07 N7CV**

**Thar an teileafón:** **(01) 858 9090**

**Trí ríomhphost:** **info@policingauthority.ie**

**Ar an nGréasán:** **www.policingauthority.ie**